



**QUEEN'S  
UNIVERSITY  
BELFAST**

## 'Ag Cor Cuarta': Leabhar Dhéan Leasa Móir, Clann Diarmada agus Filí Albanacha in Íochtar Chonnacht

O Mainnin, M. (2019). 'Ag Cor Cuarta': Leabhar Dhéan Leasa Móir, Clann Diarmada agus Filí Albanacha in Íochtar Chonnacht. *Léann. Iris Chumann Léann na Litríochta*, 5 , 105-133. <http://www.leanniris.com>

### **Published in:**

Léann. Iris Chumann Léann na Litríochta

### **Document Version:**

Peer reviewed version

### **Queen's University Belfast - Research Portal:**

[Link to publication record in Queen's University Belfast Research Portal](#)

### **Publisher rights**

© 2019 Cumann Léann na Litríochta. This work is made available online in accordance with the publisher's policies. Please refer to any applicable terms of use of the publisher.

### **General rights**

Copyright for the publications made accessible via the Queen's University Belfast Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

### **Take down policy**

The Research Portal is Queen's institutional repository that provides access to Queen's research output. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact [openaccess@qub.ac.uk](mailto:openaccess@qub.ac.uk).

# ‘AG COR CUARTA’: LEABHAR DHÉAN LEASA MÓIR, CLANN DIARMADA AGUS FILÍ ALBANACHA IN ÍOCHTAR CHONNACHT

Mícheál B. Ó Mainnín  
Ollscoil na Bannríona, Béal Feirste

1. Réamhrá; 2. *Clann Diarmada Mhagh Loirg agus Thomaltach Mac Diarmada*; 3. *Giolla Críost Brúilingeach agus Clann Diarmada*; 4. *Clann Ghriogóir agus Leabhar an Déin*; 5. *Fionnlagh Ruadh agus Eoin Mac Griogóir*; 6. *Conclúid*

## 1. RÉAMHRÁ

Is lámhscríbhínn é *Leabhar Dhéan Leasa Móir* (LDLM)<sup>1</sup> a cuireadh le chéile sa gcéad leath den tséú haois déag (1512-42), is cosúil, i bhFartairchill i gceantar Loch Tatha (i sír Pheairt) na hAlban.<sup>2</sup> Tá an bailiúchán filíochta is sine dá bhfuil ar marthain de chuid Ghaeilge na hAlban ar fáil i *Leabhar an Déin* ach tá filíocht a fuarthas as Éirinn ar marthain ann, chomh maith. Go deimhin, tá roinnt bheag dánta ann a bhfuil baint acu leis an dá thír ó thaobh cúinsí cumadóireachta de, go háirithe an dá dhán a chum Giolla Críost Brúilingeach ar Thomaltach (mac Conchobhair Óig) Mac Diarmada (†1458), Taoiseach Mhagh Loirg i dTuaisceart Ros Comáin. Tá an dara duine ann, Fionnlagh Ruadh, file Mhic Griogóir, a bhfuil dánta aige in LDLM agus trácht aige ar Aodh Mac Diarmada (deartháir Thomaltaigh, glactar leis) i ndán amháin dá chuid.

Is éard a chuir mé romham san aiste seo ná súil a chaitheamh ar shaothar na bhfilí Albanacha seo — Giolla Críost Brúilingeach agus Fionnlagh Ruadh — agus scrúdú a dhéanamh ar an tsolas a chaitheann an saothar sin ar ghréasáin litríochta a cheanglaíonn Éire (agus Íochtar Chonnacht go mór mór) le hAlbain sa gcúigiú haois déag. Scrúdfófar an léargas a thugann na dánta ar an gcaidreamh le Clann Diarmada agus cíorfar, chomh maith, an comhthéacs níos leithne a bhféadfadh baint a bheith aige le saothrú na litríochta agus le hábhar a sheachadadh idir an dá thír: cúinsí polaitíochta agus ceangail mhíleata.<sup>3</sup>

---

\* Tá mé fiórghuíoich de Roinn na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a thug cuireadh dom caint a thabhairt ar an ábhar seo sa tsraith ‘Ó Thrácht go Twitter’ ar 10 Aibreán 2018 agus den lucht éisteachta as a gcuid ceisteanna ar an ócáid sin. Tá mé go mór faoi chomaoin ag an bpiarmheasúnóir anaithnid, ag Gregory Toner, agus ag Mícheál Hoynes as an alt seo a léamh agus a dtuairimí a roinnt liom. Tá mé faoi chomaoin ag Mícheál Hoynes go háirithe as a bheith chomh fial lena shaineolas ar fhilíocht na tréimhse. Mé féin amháin, ar ndóigh, is ciontaí le máchailí ar bith.

<sup>1</sup> Bíonn leaganacha éagsúla d’ainm na lámhscríbhíne in úsáid ag scríbhneoirí Éireannacha: *Leabhar Déan Liosmór*, *Leabhar Dhéan an Leasa Mhóir*, *Leabhar Dhéan Leasa Mhóir*, *Leabhar Dhéan Leasa Móir*. Ach, ó tharla an ceann deiridh acu seo a bheith in úsáid in *Stair na Gaeilge* (SnaG 339, 664, 705), cloím leis sin. *Leabhar Deadhan Lios Mòir* is minice a thugtar uirthi i nGaeilge na hAlban.

<sup>2</sup> Ní miste a lua go bhfuil tréithe suntasacha ag roinnt leis an lámhscríbhínn nuair a dhéantar í a mheas i gcomhthéacs pan-Ghaelach. Tá cló rúnaíochta seachas an cló Gaelach in úsáid inti agus dóigh neamhthraidisiúnta litríche a chleachtaítear do litriú na Gaeilge, dóigh litríche atá bunaithe ar ortagrafaíocht Mheán-Bhéarla na hAlban, an tréimhse sin den teanga a bhaineann le c.1400-1560. Cf. Meek (1989); Ó Mainnín (2002: 398-402, 409-13); MacCoinnich (2008).

<sup>3</sup> Cé nach bhfuil aon scrúdú déanta ar an nasc le Clann Diarmada, tá sé tugtha faoi deara ag daoine eile. Luann Uilliam MacGill-Íosa go bhfuil ‘several examples of a connection with, or interest in, the Mac Diarmada chiefs of Moylurg’ (Gillies 2013: 190) agus tá Wilson McLeod den tuairim nach bhfuil aon hipitéis ann a mhíneodh an nasc sin: ‘No viable hypothesis can be tendered concerning any specific links that would have connected Giolla Críost Brúilingeach, Fionnlagh “An Bard Ruadh”, and the Mac

## 2. CLANN DIARMADA MHAGH LOIRG AGUS TOMALTACH MAC DIARMADA

Ba thábhachtach an fine í Clann Diarmada in Íochtar Chonnacht sa meánaois dhéanach; bhí siad siolraithe ó sheanríshliocht Chonnacht (Síol Muireadhaigh) agus, cé nach raibh éileamh acu féin ar an ríocht, bhí ról lárnach acu i searmanas oirnithe an rí ón gceathru haois déag i leith agus gradam ag baint leis an ról sin gan amhras.<sup>4</sup> Maidir leis an dá chraobh den rítheaghlach, Ó Conchobhair Donn agus Ó Conchobhair Ruadh, a tháinig chun cinn in éis bhás Ruaidhrí Uí Chonchobhair sa mbliain 1384 (Nicholls 2003: 174), ba ghnáth gur thacaigh siad le hÓ Conchobhair Ruadh. Níl aon duanaire de chuid Chlann Diarmada ar marthain cé go dtugann Éinrí Ó Carraic le fios sa lámhscríbhinn Maynooth B 8 go raibh duanaire éigin i seilbh an teaghlaigh in 1702 nuair a rinne seisean athscríobh ar dhán ón bhfoinse sin (Hoyne 2018: 213).<sup>5</sup> Ach is suntasach an rud é gur dánta molta ar Thomaltach Mac Diarmada, Taoiseach Mhagh Loirg, a fuair bás sa mbliain 1458,<sup>6</sup> is coitianta go mór orthu siúd a luaitear le Clann Diarmada sna lámhscríbhinní, seacht gcinn ar fad is cosúil (féach Hoyne 2018: 8-15). Luaitear Tomaltach den chéad uair sna hannála faoin mbliain 1418,<sup>7</sup> agus thacaigh sé le hÓ Conchobhair Ruadh nuair a rinne seisean, Ó Ceallaigh agus gallóglaigh faoi cheannas Thoirdealbhagh Mhic Dhomhnaill agus Alaxandair Mhic Dhubhghaill ionsaí ar Bhúrcaigh Chlann Riocaird in 1419.<sup>8</sup> Go deimhin, bhí baill den dá fhine sin, Clann Domhnaill agus Clann Dubhghaill, fostaithe mar chonstáblaí ag Clann Diarmada ag amanna éagsúla ó dheireadh an cheathrú haois déag amach.<sup>9</sup> Tháinig Tomaltach i

---

Diarmadas. Nor... is there any evidence of any Scottish literary connection to this family at any period other than the middle of the fifteenth century' (McLeod 2004: 95).

<sup>4</sup> Cf. AC s.a. 1461.23, AFM s.a. 1488 (IV, 1160-61) agus Simms (1987: 29-30).

<sup>5</sup> Tugann an scríobhaí Ó Carra(i)c, Mac Carrac agus Mac Carrtha air féin sa lámhscríbhinn (Hoyne 2018: 213); Henry McCarrick an t-ainm a chleachtann sé as Béarla.

<sup>6</sup> *Mac Diarmata Muighi-Luirg d'heg: idon, Tomaltach, mac Concobair Mic Diarmata, feichemh coitcenn do damaibh Erenn. Ocus a mac d'heg in bliadhain si fós, idon, Cathal Mac Diarmata, idon, adhbur righ Muighi-Luirg gan [f]rasabhra. Ocus Aedh Mac Diarmata do righadh i n-a inadh 7 araile.* 'Mac Diarmata of Magh-Luirg died, namely, Tomaltach, son of Concobair Mac Diarmata, a general protector to the [learned] companies of Ireland. And his son died this year also, that is, Cathal Mac Diarmata, to wit, one who was to be king of Magh-Luirg without opposition. And Aedh Mac Diarmata was made king in his stead and so on.' (AU III, 196-97; cf. ALC II, 164-65). Is díol spéise é an moladh breise in *Annála na gCeithre Máistrí* a luann a fhéile do shaighdiúirí turastail chomh maith: *fear toirbeartha móir d[']amhsaibh 7 d[']aos tuarusdail...* '[a man] who had been very bountiful to the soldiery and other stipendiaries' (AFM IV, 1000-03).

<sup>7</sup> *Indsaigid la Magnus mac Fedlim Clerig meic Aeda meic Fedlim for h. nGadra in hoc anno, et Tomaltach Mac Diarmata do beith ara cind i mBeol an Atha Min 7 a crech do buain dib 7 cuit da ndainib do bem dib...* 'Magnus son of Feidlim Clerech son of Aed son of Feidlim [Ó Conchobair] made a raid on O Gadra this year. Tomaltach Mac Diarmata was waiting for them at Bel an Atha Min and their prey was taken from them and some of their followers were cut off...' (AC 1418.20).

<sup>8</sup> *Et is iat-so na maithi 7 na moruasli do deachadar and .i. Mac Uilliam Burc .i. Uater..., et Dondchad h. Cellaig ri h. Maine, 7 Cathal Dub h. Conchobair adbur rig Connacht 7 Tomaltach Mac Diarmata adbar rig Moigi Luirc, 7 da corugad galloclaeach .i. Clann Domnaill fa Toirrdelbach Mac nDomnaill 7 Clann Dubgaill fa Alaxandar [Mac] Dubgaill...* 'Now these are the nobles and great lords who went on that hosting: Macwilliam Burke, that is Walter...; Donnchad O Cellaig, king of Uí Maine; Cathal Dub O Conchobair, eligible prince of Connacht, Tomaltach Mac Diarmata, eligible prince of Moylurg; two battalions of gallowglasses, namely the Clann Domnaill under Toirrdelbach Mac Domnaill and the Clann Dubgaill under Alexander Mac Dubgaill...' (AC 1419.17; cf. AU III, 80-81; ALC II, 148-49).

<sup>9</sup> Féach, mar shampla, *Somarli Budi mac Marcusa Meic Domnaill, consabla Meic Diarmata* (AC s.a. 1398.24); *Dondchad Mac Domnaill consapla Meic Diarmata* (agus *Lochlainn Colach Mac Caba*) (AC s.a. 1405.15, 1413.10; cf. AFM IV, 782-83); *Raghnall mac Domhnaill óicc [M]ec Domhnaill* (AFM s.a. 1407, IV, 792-93). Bhí 300 Albanach fostaithe ag clann Eoghain Mhic Dhiarmada agus iad in achrann le clann Ruaidhrí Mhic Dhiarmada in 1570 (ALC II, 406-8). Cf. an plé ag Nicholls (2007: 100, 102);

gcomharbacht ar Ruaidhrí Mac Diarmada in 1421<sup>10</sup> agus bhí cáil chomh mór sin air as ucht a chuid flaithiúlachta gur tugadh an t-ainm Tomaltach an Einigh air.

### 3. GIOLLA CRÍOST BRÚILINGEACH AGUS CLANN DIARMADA

Is beag eolas atá againn ar Ghiolla Críost Brúilingeach.<sup>11</sup> Ní mhaireann dá shaothar go bhfios dúinn ach an dá dhán dá chuid i Leabhar an Déin agus baineann an dá dhán sin lena thuras go hÉirinn. Mar sin, níl aon dán ar marthain a chum sé do phátrún ar bith dá chuid in Albain féin cé go bhfuil lua i gceann den dá dhán aige i Leabhar an Déin ar phátrún Albanach, is cosúil, mar a fheicfeas muid.

Giolla Críost Brúilingeach, Bard an Léim, a thugtar air sa lámhscríbhinn;<sup>12</sup> tá an chuma ar an scéal gur logainm é An Léim.<sup>13</sup> Is díol suime é go bhfuil baile fearainn den ainm sin i Magh Loirg, gar do Mhainistir na Búille agus do cheannáras Mhic Dhiarmada ar an gCarraig i Loch Cé.<sup>14</sup> Ach is í an áit a bhfuil suntas tugtha di ag daoine eile ná An Léim ar oileán Ghiogha ar an taobh thiar de Chinn Tíre áit a raibh cónaí ar theaghlach cáiliúil cláirseoireachta den tsloinne Mac an Bhreatnaigh (Galbraith) a bhí fostaithe mar chláirseoirí ag ríthe na hAlban. Bhí dúil ag Giolla Críost sa gcláirseach mar is léir ón dá dhán atá ar marthain i Leabhar an Déin agus creidtear, mar sin, gur duine de mhuintir Mhic an Bhreatnaigh a bhí ann (Thomson 1968: 69).<sup>15</sup> *Lámh aoinfhir fhóirfeas i nÉirinn* (SVBDL §VI)<sup>16</sup> an dán is luaithe orthu seo agus is dán cumasach molta é ar Thomaltach Mac Diarmada:

*Lámh aoinfhir fhóirfeas i nÉirinn  
ar anbhuaín Ghaoidheal is Ghall,  
flaith na bhfear is bile bonnbhláith,  
cridhe geal is connbháil ann* (r.1)

It is the hand of one man who in Ireland will  
succour distress of Gael and of foreigners,  
prince among men and smooth-soled chief,  
heart unstained where support resides.

---

Marsden (2003: 52, 71, 76). Is léir go raibh nasc ar leith ag Clann Dubhghaill le Ros Comáin agus le Clann Diarmada (Hayes-McCoy 1937: 64, 66; Cunningham & Gillespie 2003: 38-39).

<sup>10</sup> AC 1421.2, 1421.4; cf. AU (III, 88-89), AFM (IV, 847-89).

<sup>11</sup> Is suntasach an leasainm é ‘brúilingeach’. Ba cheapadóireacht í an bhrúilingeach nach raibh an stádas céanna ag baint léi is a bhí ag an dán díreach: comhardadh briste (san áit a mbeadh gá le comhardadh slán sa dán díreach) an tsaintréith a bhaineann léi mar aicme filíochta. Tá na dánta uilig sa lámhscríbhinn ar a dtugtar Duanair Sheithfín Mhóir (TCD 1363 (H.4.22)) i mbrúilingeach (Hoyne le teacht); lámhscríbhinn í seo a bhaineann leis an tséú haois déag agus táthar den tuairim gur téacs scoláireachta atá inti le haghaidh scoil Uí Dhuibhgeannáin Dhroim Colpa i gContae Liatroma (Ó Cuív 1973: 22-23; Hoyne 2018: 119-20). Cé go dtabharfadh an leasainm le fios, b’fhéidir, go raibh cáil na brúilingeachta ar Ghiolla Críost (nó dúil aige inti), ní dánta brúilingeachta iad na dánta sin dá chuid atá ar marthain. Dánta iad seo a cumadh i ndán díreach cé go bhfuil truailliú éigin orthu; féach samplaí den chomhardadh lochtach thíos (*gcuradh* : *fulang*, SVBDL §VI, 19cd, agus *chaisghil* : *mhaisigh*, SVBDL §VI, 20cd). Bheadh sé aisteach dá gcumfadh leithéidí Ghiolla Chríost dánta brúilingeachta mar nach raibh sé de nós ag filí den ghradam ab airde speisialtóireacht a dhéanamh sa gcineál seo ceapadóireachta dar le Hoyne (le teacht).

<sup>12</sup> *Aut<sup>or</sup> huius gillecríst browlingy<sup>th</sup> bard inleym<sup>m</sup>* (Black 2010: §153.4); *Aut<sup>or</sup> huius gille bcríst browlingy<sup>t</sup> bard in lemme* (Black 2010: §244).

<sup>13</sup> *Bard an Léim* ‘the Bard from Léim’ an léamh a dhéanann Gillies (2013: 199) air. Is *n*-tamhan neodrach é an focal *léim* go stairiúil; mar sin, tá an dá inscne aige, firinscneach agus baininscneach, sa nGaeilge Chlasaiceach (IGT Decl. §45; SnaG §4.21). Cé go mbíonn an deireadh *-e* aige sa tuiséal ginideach i nGaeilge na hÉireann, is mar *leum*, ginideach *lèim*, a fhaightear an focal i nGaeilge na hAlban (Calder 1923: §§76, 84).

<sup>14</sup> Féach <https://www.logainm.ie/en/43167>.

<sup>15</sup> Féach, chomh maith, Thomson (1983: 116; 1990: 36); Bannerman (1977: 235, 239; 1991: 1-17).

<sup>16</sup> Tá an dán i gcló, chomh maith, in McLeod & Bateman (2007: 114-21).

*Mac Diarmada is a réim roimhe,  
rí na Cairrge i gcruas a chuilg;  
fear is iomdha dá fhuil bhriogmhoir  
tighearna ar Muigh líonmhoir Luirg. (r.8)*

*Cruithneacht dearg ar maghaibh míne  
fá Thomaltach chosnas Chéis;  
bídh ar clár collbhan uí Cholla  
lomlán a droma ar gach déis. (r.9)*

*Lacht milis ag buaibh i mbuailtibh,  
branar fa féaraighe fonn;  
fá h-árainn mhín is fá monadh  
tír álainn fá toradh trom. (r.10)*

*An chúirt is aoibhne ar druim domhain  
dún Mheic Dhiarmada as geal gné  
i gcaisteal fionn na gloch mbuadha  
ós cionn Locha cuanna Cé. (r.13)*

*Cuirn is cuaich is copáin chumhdaigh  
i gcúirt líonmhoir Locha Cé;  
ibhthear fion san chonnphort chnuasaigh:  
is longphort ríogh uasail é. (r.14)*

*Sleagh fhada ag an mhilidh mhaiseach,  
Mac Diarmada Muighe hAoi;  
sgiath eangach ar chuairt na gcuradh,  
searrach suairc ar fulang faoi. (r.19)*

MacDiarmaid's course is ever onward, king  
of the Rock in right of his rapier's steel;  
many a man of his vigorous blood has been  
lord of the peopled plain of Lorg.

Red wheat waves on smooth plains under  
the rule of Tomaltach, lord of Céis; on the  
white-hazelled domain of Coll's descend-  
ant, each ear of corn carries its full burden.

Cows yield sweet milk in milking folds; the  
fallow land is most rich in grass; throughout  
its smooth demesne and mountain it is a  
lovely land under its weighty crop.

Most joyous court upon the world's ridge is  
that hold of MacDiarmaid, bright of aspect,  
within the fair castle of stones of virtue  
above the goodly lake of Cé.

Horns and goblets and fair-wrought cups are  
in the thronging court of Loch Cé; wine is  
quaffed in that capital of garnered plenty; it  
is the palace of a noble king.

A long spear the comely warrior wields,  
even MacDiarmaid of Magh nAoi; he bears  
a cornered shield on heroic venture; a docile  
colt supports his weight.

Tá na tréithe is dual don dán molta anseo ag Giolla Críost; déantar moladh ar gach a mbaineann leis an dea-thaoiseach: a uaisleacht is a chine, a chuma is a chrógacht, a chúirt is a fhéile, is torthúlacht na tíre faoina réimeas. Tá turas fada farráige curtha den fhéile agus é ag triall ar theach an taoisigh ach ní turas in aisce ag ceachtar acu é. Cáil Mhic Dhiarmada a mheall anall é agus cláirseach an duais a iarrann sé anois ar a chuid cumadóireachta (dán a mhéadóis cáil an taoisigh ar ball):

*Tánaig mise, maith an t-adhbhar,  
dot fhios a hAlbain, ó's cóir,  
mad teist, a Chonnachtaigh chaisghil,  
a Thomaltaigh mhaisigh mhóir. (r.20)*

*Tánag d'iarraidh athchuinge oraibh,  
a hAlbain, a fholt mar ór,  
ar an chuan ghagánach ghailbheach  
uar bhradánach mhaighreach mhór. (r.21)*

*Cláirseach ar leath dom dhán damhsa  
tabhair mar iarraim, a rí;  
ghnúis mar bhláth na h-abhla abaigh,  
ó's ní tharla agaibh í. (r.22)*

*A mheic Chonchobhair chuain Chairrge,  
cubhaidh riotsa díol na ndámh;  
tá cuid do sgéimhe dá sgríobhadh;  
Éire dhuid ar líonadh lámh. (r.23)*

I have come, good the reason, from Alba to  
visit thee, as is meet, drawn by thy fame,  
thou white-footed son of Connacht, thou  
Tomaltach goodly and great.

I have come to crave a boon from thee, from  
Alba, thou with hair like gold, upon the  
stormy sea of clustering wave-tops, chill and  
huge, the home of grilse and salmon.

A harp in special grant me at my request,  
thou king, thou whose countenance is as the  
ripe bloom of an orchard, for it is a matter  
that thou hast by thee.

Thou son of Conchobhar of the Rock's  
haven, to pleasure poet-bands befits thee  
well; the part that tells of thy beauty is being  
chronicled; may Ireland be thine in requital  
of thy filling of hands.

Tá ranna breise ann a leanann den mholadh ach ar dhaoine eile. Tá dhá rann (rr.24-25) ar a bhean chéile Caitilín, iníon Uaitéir de Búrca, a phós Tomaltach timpeall na bliana 1446 mar is léir ón díolúine a bhronn an Pápa orthu.<sup>17</sup> Tá an-tábhacht leis an bhfianaise seo mar ciallaíonn sé go raibh Giolla Críost ar cuairt ar Mhac Diarmada am éigin idir 1446, is cosúil, agus 1458. Is díol mór spéise é an tríú rann, chomh maith; seo an rann deiridh ar fad a fágadh as eagrán Watson (ach a thugann sé sna nótaí deiridh ar lgh 266-67):

*Domhnall mac R[aghnaill,]<sup>18</sup> rí Midhe  
meic Alasdair na mbrugh mbán;  
Slat Eórpa fa ghlún gan loige,  
mac ar gcúl a loinne ós cách.*

Donald son of R[aghnaill], king of Meath, son of Alasdair of fair domains, the wand of (all) Europe for knee unfailing, a youth above all others behind his blade.'

Tá Uilleam Mac Gill-Íosa den tuairim gur taoiseach de chuid Chlann Alasdair na Lúibe é Domhnall mac Raghnaill (Gillies 2013: 214, n.35).<sup>19</sup> Bhain an fine seo le Cinn Tíre; bhí Caisleán na Lúibe suite ar an taobh thiar thuaidh den leithinis (gar do bhaile beag darb ainm Clachan) agus oileán Ghiogha ar a aghaidh amach.<sup>20</sup> Tá go leor bearnaí ann sa bhfianaise atá ar marthain don fhine seo, craobh de chuid Chlann Domhnaill,<sup>21</sup> agus níor éirigh liom teacht ar dhuine ar bith den ainm 'Domhnall mac Raghnaill (mhic/Mhic Alasdair)'.<sup>22</sup>

Ach tá duine eile a luaitear sna foinsí ar ceart suntas a thabhairt dó: Ragnall mac Alasdair a raibh tailte aige in Arainn na hAlban agus a fuair bás go gairid roimh Iúil 1457 (Boardman 2006: 169; cf. 152-53, 157; Boardman 2000: 235-37).<sup>23</sup> Bhí an-tábhacht le hArainn san am i ngeall ar a shuíomh in Inbhear na Cluaidhe, taobh le Cinn Tíre, agus smacht ag an té a bheadh i gceannas ar an oileán ar an taobh ó dheas de Shruth na Maoile a cheangail Albain le hÉirinn. Mar sin, is minic a bhí sé ina chnámh spairne idir rí na hAlban, agus a chuid ionadaithe (Clann Chaimbéil go mór mór), ar

<sup>17</sup> 'To the bishop of Elphin. Mandate, after imposing penance, to dispense Tomoltheus Miediarmada (*rectius* Miediarma), donsel, and Katelina de Burgo, damsel, of his diocese, to marry notwithstanding that they are related in the third degree of kindred, and in the double second degree of affinity on one side, and the double third on another side, and are otherwise for several reasons related in the third and fourth degrees of affinity, aware of which they have committed fornication; decreeing legitimate the offspring already born, if any, and that to be born of the said marriage' (Twemlow 1912: 564). Bhí Tomaltach pósta faoi dhó ar a laghad; tá tagairt sa dán molta, *Dá mhac rugadh do rígh Connacht*, do bhean darb ainm Éadaoin (McKenna 1939-40: I, §31, r.39; II, 77) agus tá seans ann go raibh sé pósta uirthise ní ba luaithe ina shaol. Tá McKenna (1939-40: I, 123) den tuairim gur scríobhadh an dán seo c.1421.

<sup>18</sup> Seo an léamh atá déanta ag Ragnall Mac Ille Dhuibh ar an téacs (Black 2010: §153.4).

<sup>19</sup> D'fhéadfaí an téacs a léamh mar *Domhnall mac R[aghnaill,] rí Midhe / Mheic Alasdair na mbrugh mbán* 'Donald son of R[aghnaill], king of Meath, son of Mac Alasdair of fair domains'. Is díol spéise é go bhfuil an teideal *rí Midhe* tugtha ar Dhomhnall mac Raghnaill; cé gur nós leis na filí pátrúin a cheangail le háiteanna nár bhain leo go díreach sa bhfilíocht mholta, ní thugtar rí áite ar phátrún chomh minic céanna mura bhfuil bunús éigin leis. Sin ráite, tugtar *rí Tuama* ar Aonghas Mór Íle (†1296) sa dán *Ceannaigh duain t'athar, a Aonghas* (IBP §45, 171, r.8a).

<sup>20</sup> Cf. MacDonald & MacDonald (1896-1904: II, 37-40; III, 184-89) agus Bannerman (1977: 219). Tá sé spéisiúil go raibh tailte ag duine acu, Donnchadh mac Alastair Mhóir, i nGleann Urchaidh am éigin roimh 1343 agus go bhfuil fianaise ann go raibh dream den sloinne sin ann sa taobh sin tíre níos déanaí (MacDonald & MacDonald 1896-1904: II, 36).

<sup>21</sup> Ceaptar go bhfuil siad síolraithe ó Alastair Óg, mac le hAonghus Mór, tiarna na nOileán, a bhásaigh in 1292 (Sellar 1986: 8). Tá fianaise ann go raibh an sloinne úr in úsáid ag garmhac le hAlastair (.i. Gofraidh Mac Alasdair) faoin mbliain 1395 (Nicholls 2007: 98).

<sup>22</sup> Níl aon lua air ar an tsuíomh <http://galloglass.ucc.ie/index.php>.

<sup>23</sup> Tá mé buíoch de Mhàrtainn MacGriogair as an duine seo a chur ar mo shúile dom.

thaobh amháin, agus Clann Domhnaill ar an taobh eile sa tréimhse atá i gceist againne.<sup>24</sup> Bhí an-tóir ag na taoisigh Éireannacha ar ghallóglaiigh san am agus is cinnte gur ón gceantar seo i ndeisceart na Gaeltachta thall a tháinig cuid acu.<sup>25</sup> Maidir le Ragnall mac Alasdair, d'fhéadfadh sé a bheith go raibh gaol aige le Domhnall Ballach Mac Domhnaill, taoiseach Chlann Eoin Mhóir; tá fianaise ann gur thacaigh an bheirt le chéile i gcoinne an rí san achrann a bhain leis an oileán sna 1440í agus 1450í. Ach tá an fhéidearthacht ann, chomh maith, gur duine de chuid Chlann Alasdair é.<sup>26</sup> Cibé ar bith, is léir gur duine tábhachtach a bhí sa bhfear a luaitear i ndán Ghiolla Chríost, Domhnall mac Raghnaill; an bhfuil seans ar bith gur mac le Ragnall mac Alasdair a bhí ann? Cibé duine a bhí ann, is cosúil go raibh baint ag Domhnall le ceantar Chinn Tíre is na hoileáin máguaird agus go mb'fhéidir gurbh é a réitigh an bealach do Ghiolla Críost teacht go hÉirinn. Go deimhin, tá seans ann fiú gur thaisteal sé anall leis (ach níl aon fhianaise air sin, gan amhras).

Déantar ardmholadh den chineál céanna ar Thomaltach sa dara dán ag Giolla Críost, *Dá urradh i n-iath Éireann* (SVBDL §VII),<sup>27</sup> ach tá comhthéacs breise ag an dán seo atá thar a bheith suntasach. Dán de chineál neamhghnách é ar a dtugtar 'dán leathaoire',<sup>28</sup> is é sin le rá gur moladh ar thaoiseach amháin é agus aoir ar thaoiseach

---

<sup>24</sup> 'The importance of Arann to Clan Donald south was illustrated by the specific provisions made for the island in the famous... treaty concluded in February 1462 between the English king Edward IV on the one hand and John, Lord of the Isles, Donald *Balloch*, and John of the Isles, Donald's son and heir, on the other' (Boardman 2000: 237; cf. 235, 238, 241-42). Rinne Domhnall Ballach (féach thíos) ionsaithe ar Arainn in 1445 agus 1452, agus rinne Aonghus Óg (mac Thiarna na nOileán) iarracht ar sheilbh a ghlacadh ar an oileán in 1476 (Kingston 2004: 76, 88, 119, 185). Thug an rí, Séamas IV, cuairt ar Arainn in 1498, léargas eile ar thábhacht an oileáin (Kingston 2004: 110).

<sup>25</sup> Cf. Domhnall Arannach (Domhnall of Arran) a maraíodh i Sligeach agus é ar feachtas le hÓ Domhnaill in 1494 (AFM IV, 1210; cf. AU s.a. 1494; Kingston 2004: 119). Is ceart a lua nach Albanaigh ná daoine de shliocht na hAlban fiú na gallóglaiigh uilig a fostaíodh in Éirinn (Nicholls 2007: 86). Ar an lámh eile, tá fianaise ann go raibh gallóglaiigh fós ag teacht anall as Albain sa gcúigiú haois déag (ibid. 90).

<sup>26</sup> Féach Boardman (2006: 163, n.64): 'He may have been a close kinsman of Donald Balloch or a member of the Clan Alexander, a branch of Clan Donald...'. Ní miste a lua go raibh fear darbh ainm Domhnall Mac Alastair ann ar bhronn an rí talamh ar oileán Bhóid air sa mbliain 1506 (MacDonald & MacDonald 1896-1904: II, 40), ó tharla go bhfuil an t-oileán seo suite in aice le hArainn. Níl aon trácht ar an duine seo sa bplé ag MacDonald & MacDonald (1896-1904: III, 185-9).

<sup>27</sup> Tá aistriú ar an dán le fáil chomh maith in Jackson (1971: 233-35). Is cosúil go bhfuil rann breise ann sa lámhscríbhinn a bhaineann le hábhar: 'An extra quatrain on the latter [Tomás Mag Uidhir], added in a weaker ink after the dúnadh, clearly belongs to the poem, but has been omitted by most transcribers' (Black 2010: §244). Ní léir cé acu foinse a bhfuil tras-scríobh ar an rann seo ar fáil ann; tá an rann le feiceáil ag bun leathanach 245 sa macasamhail den lámhscríbhinn atá ar fáil ar *Irish Script on Screen* (<https://www.isos.dias.ie/>) ach tá sé an-doiligh a léamh.

<sup>28</sup> Tá cosúlachtaí áirithe leagain amach agus foclaíochta ag dán Ghiolla Chríost le dán leathaoire eile, *Námha agus cara dar gceird*, a cumadh sa gceathrú dheiridh den cheathrú haois déag. Moladh ar Thoirdealbhadh Mac Briain agus aoir ar Thomas Clifford atá i gceist sa dán seo agus ceapann an t-eagarthóir go raibh tionchar aige ar dhán Ghiolla Chríost (Dooley 1986: 126).

eile. Tomás Óg Mag Uidhir (†1480),<sup>29</sup> tiarna Fhear Manach idir 1430 agus 1471 (nuair a d'éirigh sé as an tiarnas),<sup>30</sup> an taoiseach a cháintear:

*Dá urradh i n-iath Éireann,  
díogha is rogha raimhéirsheang;  
criopal sean gortach gallda,  
is fear sochrach saorchlannda. (r.1)*

Two chiefs are there in Ireland: one the refuse, the other the fine-fingered choice; an old stingy lameter, Saxon of soul, and a bountiful man of noble race.

*Urradh Ultach lom lochtach,  
is rí cródha Connachtach;  
giolla geal soichleach subhach,  
is fear doichleach diúltadhach. (r.3)*

Ulster's mean and faulty chieftain, and the valiant king of Connacht; a bright free-handed joyous man, and a grudging man ready of refusal.

*Mac Diarmada Muighe Luirg,  
is Mag Uidhir an anuird;  
a n-eagar is claon an ceart,  
seagal caol agus cruithneacht. (r.4)*

MacDiarmaid of Moylurg and Maguire the unruly; to set the two together is justice gone awry, to compare meagre rye with wheat.

Is éifeachtaí go mór an dímhóladh ar Mhag Uidhir is ardmhóladh taobh leis ar Mhac Diarmada; tá an 'dán leathaoire' leagtha amach dá réir sin, an bheirt á gcur i gcodarsnacht leath ar leath ar dhá bhealach éagsúla: taobh istigh den rann féin (sna ranna thuas, mar shampla) nó trí rann iomlán cáinteach (nó cupla rann uaireanta) ar an 'Ultach lom lochtach' a bhabhtáil le rann moltach ar an 'rí cródha Connachtach':

*Beiridh Mag Uidhir a mach  
an gearrán bacach bronnach;  
a phillín chríonaigh do chuir  
fá bhinnín bhliónaigh bhallaigh. (r.9)*

The steed that bears Maguire forth is a halt pot-bellied nag; upon his meagre mangy hump is placed his rider's mouldering pillion.

*Beiridh Mac Diarmada a mach  
searrach súlálainn súgach;  
beiridh bealach don ghaoith ghlain  
seang each an laoich ar luamhain. (r.10)*

The steed that bears MacDiarmaid forth is a mettled colt of fairest eye; the warrior's slim horse, as he skims the ground, makes a breach for the pure wind to enter.

*Lúireach gheal fhainneach fhada  
fá Mhac daithgheal Diarmada;  
ré trodas do thagraidh air,  
sgaball is clogas cumhdaigh. (r.12)*

A bright mailcoat, long and ring-wrought, covers brilliant MacDiarmaid; against the hour of challenge to fight he wears a shouldercape and a fair-wrought helmet.

<sup>29</sup> *Maguidhir, .i. tomas occ mac tomáis moir mic Pilip mic aodha ruaidh fer ro ba mó deirc, crabhaidh, 7 eineach baí ina aimsir fear cosanta a criche ar eachtaircheinealaibh, fear denma mainistrech, teampall 7 chailiseach fer ro bai isin roimh, 7 fo di hi ccathraig San Sem aga oilithre, décc, 7 a adhnacal i mainistir in cabhain iar ttogha dó innte. 'Maguire, Thomas Oge, the son of Thomas More, son of Philip, son of Hugh Roe, the most charitable, pious, and hospitable man of his day, the protector of his country against extern tribes, the founder of monasteries and churches, and [the maker] of chalices, a man who had been [once] at Rome, and twice at the city of St. James on his pilgrimage, died, and was interred in the monastery of Cavan, which he had selected as his burial place.'* (AFM IV, 1112-13; cf. AU III, 268-69).

<sup>30</sup> *...Tomas Og, mac Tomáis Meig Uidhir, do chur a tighernais de ar gradh De, ar caithimh urmoir a aisi re derc 7 re doenacht 7 re cennus-fedna 7 re feicemhnus coitchenn do damaibh 7 d'eigsibh Erenn. Ocus tighernus Fer-Manach do thabairt d'a mac, idon, d'Emonn Mag Uidhir 7 a mac aile d'fhagbail i n-a tanuisti ar Feraibh-Manach, idon, Donnchadh 7 mac aile a n-espucoid Clochair, idon, Rosa. '... Thomas junior, son of Thomas Mag Uidhir, put his lordship from him for love of God, after spending the greater part of his life in charity and in humanity and in leadership and in general protection to the [bardic] bands and to the erudite of Ireland. And lordship of Fir-Manach was given to his son, namely, to Edmond Mag Uidhir and another son, namely, Donnchadh, was left as tanist over Fir-Manach and another son, namely, Rosa, in the bishopric of Clochar' (AU s.a. 1471 (III 242-43); féach AC 1471.31; AFM IV, 1076-77).*



*Lúireach mheirge as daoire dreach,  
sgaball mísgiamhach salach,  
bídh má Mhag Uidhir críon clamh,  
nár fhuirigh ré díol Danar. (r.14)*

A rusty mailcoat of meanest look, a  
shouldercape ugly and foul, cover Maguire,  
that sapless leper, who abode not the  
recompense due to barbarians.

*Sgiath órdha ré ucht mar ghloin  
ag rígh Muighe Luing líonmhoir;  
cuiridh ré thaobh raigheal geal  
claidheamh caol agus coirrhleagh (r.15)*

A golden shield against his crystal-bright  
breast guards the king of populous Moylurg;  
by his gleaming side he sets a slim sword  
and a taper spear.

*Do-bheir Tomás a truaill duibh  
seanmhaolán aimhghéar arsaidh;  
tá ag Mag Uidhir, balbh a bhas,  
arm nach fuirigh ré h-ághas. (r.16)*

Thomas draws from a blackened sheath an  
ancient antique edgeless dudgeon; Maguire,  
pithless his palm, has weapons that abide not  
battle.

Déantar codarsnacht idir airm, éide agus capaill na beirte, agus magadh fíochmhar ar an gcuma ghránna atá ar Mhag Uidhir. Tugtar suntas thuas do *lúireach gheal fháinneach fhada* (r.12a), *sgiath órdha* (r.15a) agus *claidheamh caol* (r.15d) Mhic Dhiarmada agus é ag marcaíocht ar *shearrach súlálainn súgach* (r.10b); *lúireach mheirge* (r.14a) agus *seanmhaolán aimhghéar arsaidh* (r.16b) a luaitear le Mag Uidhir agus gan de chapall aige ach *gearrán bacach bronnach* (r.9b). Is *péist amhnáireach neimhdhéanta* (r.22b) é taoiseach Fhear Manach a bhfuil meatacht agus galldacht (féach r.1) ag roinnt leis; rí agus rogha na nGael é Mac Diarmada agus gean air dá réir sin:

*Fear mar Chain colach cuil,  
's fear mar Aibhél mac Ádhaimh;  
rí Loch Cé fear ós fearaibh:  
is é as gean do Ghaoidhealaibh. (r.18)*

The one is as sinful crime-stained Cain, the  
other as Abel, Adam's son; Loch Cé's king  
is a man above men; he is the joy of the Gael.

*Mag Uidhir móide a mhéala,  
péist amhnáireach neimhdhéanta:  
nocha n-ionann balc na mbrodh  
agus iothlann ard uasal. (r.22)*

Maguire, the more his disgrace, is a  
shameless mis-shaped reptile: not alike are a  
balk of straws and a tall and stately corn-  
yard.

Is suntasach an rud é nach luaitear teach Mhig Uidhir ar chor ar bith sa dímholadh a dhéantar ar an taoiseach; tá cúis mhaith leis sin mar nach dócha go raibh Giolla Críost riamh ann! Tá an chuma ar an scéal gur ghlac Watson leis gur thug an file cuairt ar

Mhag Uidhir agus gurbh é an doicheall a fuair sé roimhe ba chúis leis an aoir.<sup>31</sup> Ach ní móide é.<sup>32</sup> Tugann Giolla Críost *fear doichleach diúltadhach* ('a grudging man ready of refusal', r.3d) agus *daoi dolamh diúltach* ('a boor[,] close fistèd and given to refusal', r.19d) ar Mhag Uidhir sa dán a thabharfadh le fios gur iarr sé pátrúnacht air agus gur diúltaíodh dó. Ach is cinnte gurbh é Mac Diarmada a d'íoc as na focail sin agus as an dán air fad; go deimhin, tugann an file le fios go bhfuil 'ranna dúra' dlite do Thomaltach as caitheamh go maith lena chuaríteoir Albanach agus, go háirithe, as an gcláirseach a d'iarr sé air mar dhuais sa gcéad dán a sholáthar dó:

*Ranna dúra dlighidh díom  
a ghnúis nach deirge an doinnfhion,  
Mac Diarmada, cúl na gcladh,  
slat chiabhfhada úr uasal.* (r.20)

Fervent verses I owe to him, whose  
countenance is ruddy as the dark wine;  
MacDiarmaid with trenced tresses, a wand  
with long locks, fresh and noble.

*Tug Tomaltach nach mion móid  
dhomh a bhiadh is a bhrogóid,  
is cláirsigh leam<sup>33</sup> ar mo los,  
an láimhsin as fhearr fhuaras.* (r.21)

Tomaltach, not paltry of vow, has given me  
his food and bragget, a harp besides to  
reward my song; that hand is the best I have  
experienced.

Tá comhthéacs polaitíochta ann chomh maith a mhíníonn cén fáth a mbeadh fonn ar Thomaltach a leithéid de bheart a dhéanamh. Bhí teannas idir é agus Tomás Óg Mag Uidhir ó 1421 i leith, ceaptar,<sup>34</sup> agus an chuma ar an scéal gur ghnáth leo taobhanna éagsúla a ghlacadh sa gcoimhlint idir na taoisigh mhóra Ultacha Ó Néill agus Ó Domhnaill. Is le hÓ Néill a thacaigh Mag Uidhir,<sup>35</sup> maidir le Mac Diarmada, tá fianaise ann gur thug Ó Domhnaill cuairt ar Mhagh Loirg sa mbliain 1433 (AU III, 128-29; AFM IV, 894-95) agus arís in 1446 (AFM IV, 944-45), mar shampla. Mar a luadh thuas, b'annamh a chumfadh file 'dán leathaoire' ar eagla go mbeadh sé ag brath ar an duine a ndearnadh an aoir air am éigin eile. Níor bhaol don fhile cuarta Giolla Críost, b'fhéidir, má bhí rún aige pilleadh ar an mbaile.

Ní hamháin gur dócha gur phill Giolla Críost Brúilingeach ar Albain ach tá seans ann gur rug sé ábhar abhaile leis, ábhar ar tháinig sé air agus é in Íochtar Chonnacht (Ó Macháin 1998: 17-18; cf. Simms 1980: 139). Tá dán eile ar Thomaltach Mac Diarmada, *Tosach féile fairsinge* le Torna Ó Maoilchonaire (†1468), taobh le dán Ghiolla Críost, *Dá urradh i n-íath Éireann*, i Leabhar an Déin (lgh 244, 246).<sup>36</sup> Chomh maith leis sin, tá dánta sa lámhscríbhinn a bhaineann le Muintir Chonchobhair, m.s. *Tomhas mhúir Chruachna i gCluain Fraoich* ar dán molta é ar an teach a thóg Aodh Ó Conchobhair i

<sup>31</sup> Ní deireann sé é sin glan amach; an rud a deir sé ná: '[...] Giolla Críost's mischievous tirade [...] was probably in revenge for some slight' (Watson 1937: 267).

<sup>32</sup> Tá an t-amhras céanna nochta ag Mícheál Hoyne le deireanas; féach Hoyne (2018: 80-81).

<sup>33</sup> Is fearr 'leam' a léamh (*leam* : *fhearr*) ná an leagan 'liom' ag Watson.

<sup>34</sup> 'Mac Diarmada was in conflict with Tomás Óg Mág Uidhir c. 1430; to judge from the references in another poem in his honour *Foraois na gcliar clann Mhaoil Ruanaidh* [Hoyne 2018: §2, 67-117], this conflict probably went back at least to 1421' (Hoyne le teacht).

<sup>35</sup> Cf. AU s.aa 1432, 1435, 1436, 1439, 1452, 1456, 1462 (III, 120-21, 128-29, 134-35, 140-41, 144-45, 174-77, 186-87, 206-07). Bhí Mag Uidhir i láthair ag searmanas oirnithe Éinrí Uí Néill sa mbliain 1455 (AFM IV, 994-95).

<sup>36</sup> Tá an dán gan ainm nó luaite le hAodh Ollbhar Ó Carrthoidh (a mhair sa dara haois déag) sna lámhscríbhinní Éireannacha; féach an t-eagrán ag McKenna (1938: §120) agus catalóg Katharine Simms (<https://bardic.celt.dias.ie/>). Is i Leabhar an Déin amháin a fhaightear an t-ainm ceart, mar sin.

gCluain Fraoich, Contae Ros Comáin, c.1300.<sup>37</sup> Tá nasc ag an dán áirithe seo le ceann de na ceithre laoi in LDLM a bhfuil baint acu (i bhfianaise na logainmneacha áitiúla a luaitear iontu) leis an gceantar céanna, *Osnadh carad i gCluain Fraoich* (Meek 1982; 369-77; 1998: 149-53). Mar sin, an bhfuil seans ar bith gurbh é cuairt Ghiolla Chríost ar an gceantar seo is cúis leis na dánta seo a bheith ar fáil in LDLM, gur chuir sé aithne ar Thorna Ó Maoilchonaire (agus ar fhilí eile) agus é i Magh Loirg, agus go raibh baint ag Giolla Críost le seachadadh an ábhair seo go hAlbain?<sup>38</sup>

Ach tá an scéal níos casta fós. Chuaigh *Lámh aoinfhir fhóirfeas i nÉirinn* isteach sa traidisiún béil in Albain.<sup>39</sup> Bhí leagan de dar tús *A lámh oinidh óir is oighre* ar fáil in Earra Ghaidheal (áit a bhfuil Oileán Ghiogha suite) i lár an ochtú haois déag nuair a bhreac Uilliam Mac Mhurchaidh cóip de sa lámhscríbhinn a dtugtar Lámhscríbhinn Turner uirthi.<sup>40</sup> *Dàn Mhic Dhiarmuid* a thugtar mar theideal air sa lámhscríbhinn; glactar leis gur tháinig an leagan seo faoi ‘anáil na reacaireachta béil’ (Ó Macháin 1998: 17-18) agus go bhfuil tionchar Ghaeilge na hAlban le brath air, ní nach ionadh (McLeod 2004: 95). Is díol suntais an méid sin ar fad nuair a chuimhnítear ar an leagan amach atá ar an dán in LDLM féin, leagan amach atá éagsúil go maith ón eagrán a chuir Watson ar fáil dúinn. Ní hionann ar chor ar bith an leagan amach atá ar na ranna sa lámhscríbhinn; b’fhéidir, mar sin, go raibh na scríobhaithe ag brath ar ‘rendition from memory with gaps, followed by recall of the missing verses’ (Gillies 2013: 187). Más fíor seo, an bhfuil an fhéidearthacht ann go raibh leagan den dán ar fáil sa traidisiún béil in Earra Ghaidheal agus i bPeairt 200 bliain níos luaithe?

#### 4. CLANN GHRIOGÓIR AGUS LEABHAR AN DÉIN

Tá baint ar leith ag LDLM le Clann Ghriogóir agus leis na hardtiarnaí acu, Clann Chaimbéil. Ba as Fartairchill i bPeairt iad na Griogóraigh a raibh baint acu le tiomsú na lámhscríbhinne: an Déan, Séamus Mac Griogóir; a dheartháir, Donnchadh; agus a n-athair, Dubhghall Maol.<sup>41</sup> Iarrtar ar Dhubhghall Maol duanaire a chur le chéile i ndán sa lámhscríbhinn a shamhlaítear le tiomsú an tsothair, *Duanaire na sracaire* le Fionnlagh Mac an Aba (SVBDL §I), ach tá an chosúlacht ar an scéal go mb’fhéidir gurbh é Donnchadh a rinne cuid mhaith den obair chrua, faoi stiúir an Déin, b’fhéidir (Ó Mainnín 2002: 397-98). Ba fhile é Donnchadh féin agus tá cúig phíosa ainmnithe dó sa lámhscríbhinn: an rann *Féicheamhoin sibh, a chlanna cuil* ar aithrí agus ar neamhbhuaine an tsoail (Gillies 2008: 218; 2013: 195); dhá aoir, ceann a bhaineann le genre na ndánta grádha, *Mairg bean nach bí ag éansagart* (cf. Gillies 1977: 43; 2013:

<sup>37</sup> Dán gradamúil é seo a ndéantaí staidéar air san scoileanna: tá deismireachtaí uaidh le fáil sna tráchtas ghramadáí (féach McManus 1997: 97).

<sup>38</sup> Maidir le Leabhar an Déin, ní miste a lua go raibh fine Albanach ann den ainm Mac Diarmaid a raibh cónaí orthu i nGleann Lochaidh, ceantar atá suite siar ó Loch Tatha (Watson 1937: 288). Ba dhuine acu seo é Donnchadh Mac Diarmaid a bhfuil dán aige i Leabhar an Déin (Gillies 1977: 44; Quiggin 1937: 72) agus a bhí mar fhinné ar chairt a dhréachtaigh Dubhghall Maol, athair an Déin, do Dhonnchadh Caimbéal, Tiarna Ghleann Urchaidh, sa mbliain 1510 (MacGregor 2006a: 58). An cúis eile é sin ag na tiomsaitheoirí suim a chur i ndánta Ghiolla Chríost agus i gClann Diarmada na hÉireann?

<sup>39</sup> Is suimiúil an rud é nach é an dan leathaoire, a bhfuil an-ghreann ag baint leis, ach an dán molta a mhair sa traidisiún béil.

<sup>40</sup> Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Adv. MS 73.2.2. Tá an dan i gcló ag Cameron (1892-94: II, 326-8).

<sup>41</sup> Luaitear Griogóir, deartháir eile de chuid an Déin (cf. MacGregor 2006a: 45, 51), sa dán ar a dtugtar ‘Duanaire na Sracaire’ (SVBDL §I) ach ní fios an raibh aon bhaint aige leis an lámhscríbhinn seachas sin. Tá seans ann gur deartháir eile de chuid an Déin é Domhnall Liath mac Dhubhghaill Mhic Griogóir, a bhfuil aoir aige in LDLM dar teideal *Tá triúr cailín as searbh glór* (MacGregor 2006a: 59; cf. Gillies 2013: 205; 1977: 42, 47; Quiggin 1937: 73-4, 80-81). Maidir le deartháireacha eile de chuid an Déin, féach MacGregor (2006a: 51, 75, n.3).

207), agus aoir dar teideal *Cacmhor an comann na Goill* (Gillies 2014); rann beag molta ar Eoin mac Chailéin Chaimbéil, *Marthain uaim go hEóin* (cf. Gillies 2013: 208); agus *Aithris fhréimhe ruanaidh Eóin* (SVBDL §XXVIII), ar dán molta é ar thaoiseach na fine lena linn, Eoin Mac Griogóir.

Ní hiontas ar bith é go mbeadh suim ag na tiomsaitheoirí i bhfilíocht a bhaineann lena bhfine féin agus go bhfuil ábhar in LDLM a shamhlófaí le duanaire teaghlaigh; tá ocht gcinn de dhánta molta ar na Griogóraigh sa lámhscríbhinn, dán Dhonnchaidh san áireamh. Triúr ar fad a mholtar agus tá beirt acusan comhaimseartha le chéile agus le tiomsú na lámhscríbhinne: Donnchadh Mac Griogóir ‘coimeádaí Ghleann Urchaidh’, a fuair bás sa mbliain 1518, agus Eoin Dubh,<sup>42</sup> taoiseach na fine, a bhásaigh an bhliain dar gcionn, 1519. Ní léir cén gaol a bhí ag Donnchadh le hEoin ach is cosúil go bhfuil gaol gairid ag an bhfile An Giolla Glas mac an Tailliúir, a mholann Donnchadh Mac Griogóir sa dán *Parrthas toraidh an Díseart* (SVBDL §XXVI), le Dubhghall mac an Ghiolla Ghlais a mholann Eoin sa dán *Ríoghacht ghaisgidh oighreacht Eoin* (SVBDL §XXVII): athair agus mac, ceaptar.<sup>43</sup> Is é an tríú duine a mholtar ná Maol Coluim, seanathair Eoin, a fuair bás sa mbliain 1440; file darb ainm Mac Giolla Fhionntóg a chum an dán dósan, *Buaidh thighearna ar thóiseachaibh* (SVBDL §V).<sup>44</sup> Mar sin, cé nach bhfuil aon dán sa lámhscríbhinn ar Phádraig, mac Mhaoil Cholúim agus athair Eoin, tá sé soiléir go bhfuil traidisiún na filíochta molta i meadarachtaí siollabacha le rianú siar i gceantar Mhic Griogóir go tús an chúigiú haois déag ar a laghad (agus filí oidhreachta ann mar an gcéanna). Ach bhí traidisiún eile ann a raibh baint aige leis an dream céanna: an fhilíocht mholta i dteanga na ndaoine a nochtar go bláfar sa dara leath den tséú haois déag.<sup>45</sup> Tagann cuid den fhilíocht seo chun cinn i gcomhthéacs na coimhlinte a d’éirigh idir na Griogóraigh agus na Caimbéalaigh agus a raibh drochrath aige ar mhuintir an Déin féin; mharaigh searbhónta de chuid Chailéin Chaimbéil, tiarna Ghleann Urchaidh, Griogóir, mac an Déin, in 1565.<sup>46</sup> Ach níl tásc na tuairisc ar aon cheann de na dánta Gàidhlig sin in LDLM; is cosúil gur duanaire é seo a bhí teoranta don fhilíocht is airde gradam, an fhilíocht shiollabach, agus gur fágadh ‘amhráin’ ar lár (cf. Gillies 2013: 182; MacGregor 2012: 128).

Maidir leis an bhfilíocht sin is airde gradam, ní miste cuimhneamh gur ré órga an cúigiú haois déag i stair Chlann Ghriogóir ó thaobh na polaitíochta de nuair a bhí an fine ag teacht chun cinn sa tsaol mar a bhí Clann Diarmada go deimhin sa tréimhse chéanna.<sup>47</sup> Bhí an dá dhream ag tacú le tiarnaí cumhachtacha agus ag iarraidh a bheith ag aithris orthu, b’fhéidir, maidir le cothú na filíochta. Is díol spéise é gur chaith rí na hAlban, Séamas IV, seachtain mar aoi ag Clann Ghriogóir in Achadh Innis Chalainn i bhFómhar

<sup>42</sup> *Johannes Dow* a thugtar air sna croinicí Laidine: Croinic Fhairtírchill agus an Chroinic i Leabhar an Déin féin (cf. MacGregor 1989: 19).

<sup>43</sup> Is dóigh le MacGregor (2006a: 54-55; 77 n.15) go bhfuil fianaise ar thrí ghlún den teaghlach seo i Leabhar an Déin agus gurb é Giolla Críost Táilliúr, a bhfuil ceithre dhán aige sa lámhscríbhinn, an duine a bhaineann leis an nglún is sine acu.

<sup>44</sup> ‘Fear dána’, file den ghrád is airde, a thugtar air sa lámhscríbhinn. Cf. Gillies (2013: 198): ‘When it is used to qualify the name of Mac Giolla-Fhionntóg ([SVBDL] §V), the author of an encomium to [Maol Coluim] MacGregor who is otherwise unknown in a MacGregor context, we may assume that he was a visiting poet of some stature, possibly from Ireland.’ Cé go bhfaightear an sloinne seo in Éirinn, ceaptar gur de bhunús na hAlban é (Woulfe 1923: 375; MacLysaght 1985: 46).

<sup>45</sup> Féach Watson (1959: 237-46, 332-34) agus MacGregor (le teacht; 1999).

<sup>46</sup> Féach MacGregor (2006a: 49; 1989: 346-48).

<sup>47</sup> Féach an plé ag Cunningham agus Gillespie (2003: 29-58; 155-78) ar ghnéithe suimiúla de stair an teaghlaigh sa tséú haois déag.

na bliana 1506; bhronn an Griogórach féiríní air, deirtear, agus tháinig na Caimbéalaigh i gcabhair ar Eoin san obair sin mar gurbh iad cláirseoir Ghiolla Easpaig, iarla Earra Ghaidheal, agus ‘bard’ Dhonnchaidh Chaimbéil, tiarna Ghleann Urchaidh, a chuir siamsaíocht ar fáil don rí (MacGregor 1989: 132-33). Tá sé tugtha faoi deara ag Pía Coira gur beag tagairt a dhéantar do shinsir cháiliúla i bhfilíocht shiollabach na nGriogórach agus, cé go bhfuil craobha ginealaigh ar fáil don fhine (cf. MacGregor 2000: 141-43), nach bhfuil aon trácht orthu i saothar mór an Dubhaltaigh Mhic Fhir Bhisigh, Leabhar Mór na nGinealach (Coira 2012: 204). B’fhéidir gur léargas é seo dúinn ar fhine a bhí ag teacht chun cinn san am ach nach raibh préamhacha chomh seanbhunaithe céanna acu sa traidisiún is airde léinn agus a bhí ag Clann Domhnaill, mar shampla.

## 5. FIONNLACH RUADH AGUS EOIN MAC GRIOGÓIR

Is é Eoin Dubh Mac Griogóir an taoiseach Albanach is mó a bhfuil dánta molta tiomnaithe dó i Leabhar an Déin. Is dósan a cumadh tromlach na ndánta ar Chlann Ghriogóir (sé cinn as ocht ndán ar fad) agus triúr filí éagsúla a chum: Donnchadh mac Dhubhghaill Mhaoil, Dubhghall mac an Ghiolla Ghlais agus an triú file (nár luadh go dtí seo), Fionnlagh Ruadh, a chum ceithre cinn de na dánta.<sup>48</sup> Mar sin, tá an chosúlacht ar an scéal gurbh é Fionnlagh an príomhfhile a bhí ag Eoin Mac Griogóir ag am amháin. Moltar Ealasaíd, bean chéile an taoisigh, in dhá cheann de dhánta Fhionnlaigh;<sup>49</sup> ní luaitear aon bhean sna cinn eile. Ach táthar cinnte de go raibh beirt bhan ag Eoin ar a laghad (MacGregor 1989: 75 & 123); bhí sé pósta ar bhean darbh ainm Marion, iníon Lachlainn Mhic an Tóisich, nuair a bhásaigh sé in 1519 agus ise fós beo (MacGregor 1989: 123).<sup>50</sup> Mar sin, tá seans maith ann gurbh í Ealasaíd an chéad bhean chéile a bhí ag Eoin Mac Griogóir (mar nach luaitear aon bhean eile sna dánta) agus go raibh Fionnlagh Ruadh ag cumadh le linn luathréimeas an taoisigh.

Bhí Eoin Mac Griogóir i gceannas idir 1461-1519 (MacGregor 2006b: 213) ach, ó tharla é a bheith chomh fadsaolach agus chomh daingean sin ina réimeas, ní haon iontas é go bhfuil dánta againn a chum filí eile dó. Ní fios an raibh na filí éagsúla seo comhaimseartha le chéile nó an bhfuil seans ar bith gur tháinig Dubhghall mac an Ghiolla Ghlais i gcomharbacht ar Fhionnlagh Ruadh (in éis a bháis, b’fhéidir) ó tharla go raibh a athair, An Giolla Glas, mar fhile ag ball eile den fhine chéanna sa tréimhse chéanna (cf. thuas). Go deimhin, an bhféadfadh sé a bheith go raibh gaol ag Fionnlagh Ruadh leis an mbeirt eile agus gur aon teaghlach amháin filí iad a raibh baint ar leith acu le Clann Ghriogóir? Ní luaitear sloinne i gcás duine ar bith den triúr seo sa lámhscríbhinn, dála an scéil.

---

<sup>48</sup> Tá seacht gcinn de dhánta leagtha ar Fhionnlagh sa lámhscríbhinn ach ranna fánacha iad péire acu (LDLM lch 217 (rann amháin), agus lch 249 (dhá rann)). Tá dánta dá chuid taobh le taobh sa lámhscríbhinn ar leathanaigh 103 (*Gealladh gach saoi don each odhar*) agus 104 (*Fada atáim gan bhogha*), agus ar leathanaigh 216 (*Theast aon diabhal na nGaoidheal*) agus 217 (*Feairrde, a chroidhe is a rúin*). ?*Nuair a leanas mairg sporadh* (lch 249; féach thíos, n.65); *Gabh rém chomraigh, a Mheic Ghriogóir* (lch 281) agus *Fhuaras mo rogha theach mhór* (lch 308) na cinn eile.

<sup>49</sup> Tá Ealasaíd luaite in *Fada atáim gan bhogha* agus *Fhuaras mo rogha theach mhór* (SVBDL §XVIII, l. 1405; §XIX, ll.1477-84). Tugtar Ealasaíd ‘á Gleann Líomhunn’ agus ‘inghean Eoin mheic Ghill-Easbuig’ uirthi sa dara ceann acu seo agus ceaptar gur Chaimbéalach a bhí innte, mar sin, mar go samhlaítear an t-ainm pearsanta Gill-Easbuig leis an bhfine sin go háirithe (MacGregor 1989: 75).

<sup>50</sup> Tá an triú bean, Dear-bháil, iníon Eoghain Mhic Lachlainn, luaite ag MacGregor (1989: 74, n.14) ach ní léir cén gaol pósta go díreach a bhí aici le hEoin Mac Griogóir.

Ceist eile ná cén stádas a bhí ag Fionnlagh is ag na filí eile seo? Tá sé suntasach gurb é an ‘bard ruadh’<sup>51</sup> a thugtar ar Fhionnlagh de ghnáth sa lámhscríbhinn agus, cé go bhfuil ardmheas ag scoláirí ar a chumas filíochta,<sup>52</sup> gur léir go bhfuil na meadarachtaí agus an teanga chlasaiceach níos scaoilte aige ná mar atá ag Giolla Críost Brúilingeach.<sup>53</sup> Cibé ar bith, faightear léargas an-spéisiúil ar ghairm an fhile ina chuid cumadóireachta. Tá dán amháin aige, *Theast aon diabhal na nGaoidheal* (SVBDL §XVI), nach moladh é ar Eoin Mac Griogóir; aoir nimhneach atá ann ar Ailéin Mac Domhnaill, taoiseach Chlann Raghnaill (†1505).<sup>54</sup> Cuirtear slad agus col i leith Mhic Dhomhnaill agus tá áthas ar an bhfile go bhfuil sé básaithe. Peirspeictíocht eile ar fad é seo ar Ailéin a bhfuil marbhna coinbhinsiúnta againn air ar marthain i *Leabhar Dearg Chlann Raghnaill* a chum duine de Chlann Mhic Muireadhaigh (Eoin, ceaptar).<sup>55</sup> *Alba gan díon i ndiaidh Ailín* (Cameron 1892-94: II, 216-25). Go deimhin, tá an fhéidearthacht ann gur bréagmharbhna é an dán seo ag Fionnlagh Ruadh, agus tá a leithéid le fáil sa mBreatnais (cf. Watson (1937: 285) agus Thomson (1989: 33)). Sa dán *Gabh rém chomraigh, a Mheic Ghriogóir* (SVBDL §XV), maítear gur thit an file agus Mac Griogóir amach le chéile agus tá an file ag iarraidh a bheith mór leis arís. In *Fada atáim gan bhogha* (SVBDL §XVIII), iarrann se bogha úr ar a thaoiseach mar gur fhág sé an ceann a bhí aige ina dhiaidh ar pháirc an chatha, áit a mbíonn sé i gcónaí le taobh a thaoisigh. Maidir leis an dán *Gealladh gach saoi don each odhar* (SVBDL §XVII), cuirtear capall Mhic Griogóir i gcomparáid le capaill Chú Chulainn, an Liath Macha agus an Dubh Saighleann, agus b’ionann a chapall a mholadh agus moladh a dhéanamh ar an taoiseach féin gan amhras.

Is é an dán *Fhuaras mo rogha theach mhór* (SVBDL §XIX) an dán is faide aige. Cuirtear síos ar Mhac Griogóir mar laoch is mar shealgaire mór agus tarraingítear pictiúr de theach a mbíonn fleá is féasta ar siúl i gcónaí ann is fáilte roimh chách:

*Fhuaras mo rogha theach mhór,  
i mbi na cliara ag comhól:  
mór ndámh lé dtoghthar an teach  
nach foghthar<sup>56</sup> lá go h-uaigneach. (r.1)*

I have found of houses my choice supreme,  
a house wherein the poet-bands are wont to  
feast; many a company chooses out that  
house, which is found no day deserted.

*Fion ’gá ibhe ag mnáibh malla,  
Mheic Ghriogóir, id mhórhalla:  
id bhruigh tréan fairsing, ar linn,  
céir ar lasadh go h-ursainn. (r.6)*

Wine is drunk by stately dames, Mac-  
Gregor, in thy spacious hall; in thy wide firm  
mansion, as I deem, wax is ablaze even to  
the door post.

*Fhuaras teach coimmeas dod thaigh,  
Mheic Ghriogóir ó Dhún Monaidh:  
ríghtheach na bhfaobhar bhfada,  
teach Aodha Mheic Dhiarmada. (r.7)*

I have found a house to match thy house,  
thou MacGregor from Dún Monaidh: the  
royal house of long keen blades, the house  
of Aodh MacDiarmaid.

<sup>51</sup> Seo mar a chuirtear síos air sa lámhscríbhinn: *Fionnlagh Ruadh* (Black 2010: §249.18); *an bard ruadh*, le *Fionnlagh* roimhe nó ina dhiaidh (Black 2010: §§103, 216, 304i); *Fionnlagh Ruadh an bard* (Black 2010: §§104m, 217.9); *Fionnlagh Ruadh an bard math* (Black 2010: §281.6).

<sup>52</sup> Cf. Fraser (1942: 192-93).

<sup>53</sup> ‘Fionnlagh Ruadh must be permitted liberties of language and even of metre which we do not find in stricter Irish and Scottish bards...’ dar le Watson (1937: xxi). Ach, maidir le dánta Ghiolla Chríost, ‘versification and language are alike strict’ (ibid.).

<sup>54</sup> Cé go maítear i *Leabhar Chlann Raghnaill* gur maraíodh é in 1509 (Cameron 1892-94, II, 168; cf. Gillies 1988: 257), glactar leis anois gur in 1505 a fuair sé bás (McLeod (2004: 132); Gillies (2005: 222); Coira (2012: 423)).

<sup>55</sup> Cf. Thomson (1960-63: 296; 1994: 186); Gillies (1977: 37, 38).

<sup>56</sup> Cé gur ‘faghthar’ an leagan atá ag Watson, is fearr a fheileann ‘foghthar’ don chomhardadh inmheánach (*dtoghthar* : *foghthar*).

*Mise ní bhia mé dod dhíth  
maith mo thurchairthe id roithigh;  
ar taighibh Gaoidheal a bhos  
mo rogha d'aointeach fhuaras. (r.17)*

As for me, thou shalt not lack me; goodly are  
my prizes in thy surpassing house; of houses  
of the Gael this side the sea, I have found of  
every house my choice.

Is é an pointe is suimiúla dúinne anseo ná go gcuireann an file teach an taoisigh i gcomparáid le teach Aodha Mhic Dhiarmada in Éirinn, teach eile a mbíonn fáilte roimh gach éinne ann. Glacann Watson leis (1937: 288) gurb é Aodh mac Conchobhair Óig atá i gceist.<sup>57</sup> Oirníodh Aodh ina rí in 1458 in éis bhás a dhearthár Tomaltach (AC s.a. 1458.2) agus fuair sé féin bás in 1465 (AC s.a. 1465.4);<sup>58</sup> seo an Tomaltach ar chum Giolla Críost Brúilingeach a dhanta siúd dó gan amhras. Deir Fionnlagh Ruadh gurb é teach Mhic Griogóir a rogha tí in Albain (*ar taighibh Gaoidheal a bhos*, r.17c). Ní hamháin sin ach tá sé inchurtha le teach cáiliúil Mhic Dhiarmada thall; go deimhin, tá sé níos fearr ná é. Is mór an moladh ar Eoin é, dar leis, go bhfuil Éire sáraithe aige ar an gcuma seo (*ní taibhbhéim ar Éirinn sin/ pailéis na cléire in Albain* ‘no reproach to Ireland this, that the palace of the poet-bands is in Alba’, SVBDL §XIX: r.14c, d).

Is ríspéisiúil an t-uirsgéal (nó apalóg) a chleachtann an file lena chomparáid idir an bheirt taoiseach a chur abhaile: apalóg a bhaineann le cailleach ghránna a chaith bliain i dteach Mhic Dhiarmada gan cur isteach nó amach uirthi. Níor cheistigh Mac Diarmada í ach cuireadh leaba ar fáil di agus rinneadh gach freastal uirthi: teist mhór ar fhlaithiúlacht an taoisigh. Ní dhiúltaítear d'éinne agus níor diúltaíodh don chailleach. In éis bliana, d'iompaigh sí ina hainnir álainn agus d'imigh léi:

*Aon do lá dh'fhear an rúin bhuig,  
do Mhac Diarmaid, san Charraig,  
tharla béist arsaídh 'na thaigh  
ar léim gasraídh a dhúnaídh. (r.8)*

One day when the man of generous mind,  
MacDiarmaid, was in the Rock, there chanced  
an aged ill-favoured creature in his house,  
having eluded the retinue of his stronghold.

*Déarghaithear san bhruidhin bháin  
leabaidh don eachlaigh urláir  
gan iarraidh dh'fhoirinn taighe:  
bliadhain dí 'na h-éanlaighe. (r.10)*

Unasked, the household company spread in  
the fair hostel a bed for the witch: a year she  
spends lying without rising.

*Éirghis i gceann na bliadhna,  
sgéal ara bhfuil fírfhiadhna,  
an chailleach gan chóir dhealbhaigh,  
'na h-ainnir óg fhinnealbhaigh. (r.12)*

At the end of the year she arose (it is a tale  
for which there is true testimony), that crone  
unlovely, as a young bright and lovely  
maiden.

*Ní mó dhiúltar ó'r dtigh-se,  
Mheic Ghriogóir, bhar n-aoighidh-se,  
ód bhruigh lainneach — cia nach tuig? —  
ná an chailleach liath ón Charraig. (r.13)*

No more is thy guest turned away from thy  
house, thou MacGregor, from thy delightful  
dwelling (who perceiveth it not?), than was  
the grey crone from the Rock.

Tá tagairtí don scéal seo le fáil i ndánta eile de chuid na tréimhse clasaicí. Luaitear é sa dán *Do mealladh cách nó Ó Cearbhuill* a leagtar ar Thadhg Dall Ó hUiginn ach ní luaitear an scéal le taoiseach ar leith de chuid Chlann Diarmada, Aodh ná duine ar bith

<sup>57</sup> Cé go luaitear Aodh dhá uair sa dán (rr.7, 14), ní thugtar ‘mac Chonchobhair’ air in am ar bith.

<sup>58</sup> Deir Watson (1937: 288) go bhfuair sé bás ‘or ceased to be king’ roimh 1478 agus, mar sin, bíonn an dáta seo á lua le hAodh ag daoine eile (cf. McLeod 2004: 94). Ach is ag brath ar fhianaise Annála Locha Cé amháin a bhí Watson (áit nach luaitear bás an taoisigh).

eile.<sup>59</sup> Tá trácht air, chomh maith, sa dán *Síol féile fuil Diarmada* a bhaineann le Brian Mac Diarmada (†1592),<sup>60</sup> duine eile de Mhuintir Dhiarmada a raibh cáil na féile air; deirtear in *Annála Locha Cé* gur chaith seisean bliain in éis a bhainise ag dáileadh maoinne ar chuariteoirí as Éirinn agus Albain.<sup>61</sup> Tá an dá dhán seo comhaimseartha le chéile agus níos deanaí ná dán Fhionnlaigh Ruaidh. Ach tá scéal na caillí le fáil i gcomhthéacs atá i bhfad níos suntasaí againne anseo: tá sé mar apalóg sa dán *Tosach féile fairsinge* i Leabhar an Déin áit a luaitear an scéal le Cormac, duine de shinsir Thomaltaigh Mhic Dhiarmada (McKenna 1938: §120; cf. Ó Caithnia 1984: 116-17).<sup>62</sup> Mar a chonaic muid thuas, tá an fhéidearthacht ann gur Giolla Críost Brúilingeach a rug an dán seo le Torna Ó Maolchonaire ar ais leis go hAlbain in éis dó fein a bheith ar cuairt ar Thomaltach. Luann Fionnlagh Ruadh sa dán *Gabh rém chomraigh, a Mheic Ghriogóir* (SVBDL §XV, r.3a) gur chaith sé tamall ag *cor cuarta* (‘making a circuit’) — nuair a thit sé féin is Mac Griogóir amach le chéile, is cosúil. Síleann Watson (1937: 284) gur dócha gur in Éirinn a bhí sé ar cuairt agus é den tuairim gur léir ón dán *Fhuaras mo rogha teach mhór* go raibh tamall caite aige i dteach Mhic Dhiarmada (Watson 1937: 288). Glactar leis sin go coitianta;<sup>63</sup> luann Wilson McLeod an líne *Fhuaras teach coimneas dod thaigh* (‘I have found a house to match thy house’) agus é den tuairim go léiríonn an fhocláíocht sin aige go raibh taithí phearsanta ag Fionnlagh ar chúirt Mhic Dhiarmada.<sup>64</sup> Ach ní deireann an file glan amach go ndeachaigh sé féin go hÉirinn. D’fhéadfadh sé a bheith go bhfuil sé gá shuíomh féin in Éirinn ó thaobh na reitriche de ag an bpointe seo sa dán agus nach raibh teach Mhic Dhiarmada feicthe aige féin go liteartha. Ach más féidearthacht é sin, eascraíonn ceist bhunúsach as: an bhféadfadh Fionnlagh aithne nó eolas a chur ar thaoisigh Mhagh Loirg, agus ar Aodh go háirithe, gan dul go hÉirinn (agus cén dóigh a ndéanfadh sé é sin)?

<sup>59</sup> Cé go leagtar an dán ar Thadhg Dall, ní chreideann Eleanor Knott (1922-26: II, 276) gurbh é a chum. Tá an téacs bearnach: *Agus cailleach do bhí i dtigh Mheic Diarmada Mhuighe Luirg, agus ní [...] acht aoinbhliadhain amháin ann, agus d’fhágaibh an chailleach sin [...] an chailleach sin fa chlu oinigh agus eangnamha ón mbliadhainsin go bráth [...] ‘And a hag who was in the house of MacDermot of Moylurg and... save one year there, and that hag left [...] honourable and famous always from that year [...]’* (Knott 1922-26: I, §34, 253, II.223-27; II, 167).

<sup>60</sup> *Bliadhain tar chách cuinneóbhaidh / riaghail na mná mallaoighidh; / teisd chléire ar fhuil fhinnÉimhir / do chuir fhéile i n-andaoinibh.* ‘For a year more than everyone else; the guest who is slow to move on observes the injunction placed on the woman; the testimony of the poets regarding the descendants of fair Éimhear has made even ignoble churls generous.’ (Hoynes 2018: §4.11, 168-69).

<sup>61</sup> *Bainfheis righdha romhór thigherna na cairrge ocus a mhna .i. Meadhbh inghen Domnaill hI Conchobair .i. inghen hI Conchobair Sligigh, do dhenum a coimhnénecht do Bhrian mac Ruaidri Mic Dhiarmada, dú inar bronnadh ocus inar bithsgaoiledh ilimad da gach cenél cruidd ocus dá gach arnail innmhuis ocus édala, do réir a nílghis, dá gach aon dgheruibh Erenn ocus Alban dá tánic da hiarrad ar fedh na bliadna sin.* ‘The great, regal, wedding feast of the lord of the Rock, and of his wife, i.e., Meadhbh, the daughter of Domhnall O’Conchobhair, i.e., daughter of O’Conchobhair Sligigh, was celebrated together by Brian, son of Ruaidhri Mac Diarmada, at which large quantities of all kinds of stock, and of all descriptions of treasures and valuables, were presented and dispensed, according to their wish, to every one of the men of Erinn and Alba that came to solicit them during that year’ (ALC II, 446-49).

<sup>62</sup> Ní miste a lua go bhfuil ranna breise i leagan Leabhar an Déin (LDLM 246-9) nach bhfaightear i gcoipeanna Éireannacha den téacs (Gillies 2013: 213, n.230).

<sup>63</sup> Féach Thomson (1989: 42), Meek (1996: 267), McLeod (2004: 95), agus Coira (2012: 198).

<sup>64</sup> ‘From the personal tone of the poet’s phrasing, it appears that he speaks from the personal experience of a visit to Mac Diarmada’s court... By the same token, the fact that Fionnlagh speaks of “taighe Gaoidheal a bhos” (the ‘houses of the Gael on this side’ of the sea)... suggests that he is familiar with *taighe Gaoidheal thall*, the great patrons’ houses across the sea in Ireland. That such a visit should have occurred is especially interesting because it suggests a continuity of contact between Scottish poets and the Mac Diarmadas... for two other poems from the Book of the Dean of Lismore make it clear that Giolla Críost Brúilingeach had paid a visit to Aodh’s predecessor Tomaltach Mac Diarmada...’ (McLeod 2004: 94-95).



Tá sé réasunta go leor a mhaíomh go bhféadfadh Fionnlagh Ruadh eolas a chur ar Mhac Diarmada Mhagh Loirg agus ar scéalta a bhaineann leis ón ábhar a bhí ar fáil sa mbaile lena linn agus atá ar marthain i Leabhar an Déin. Tá trí dhán ar Thomaltach Mac Diarmada ar fáil sa gnuasach, mar a chonaic muid: péire le Giolla Críost Brúilingeach agus ceann le Torna Ó Maolchonaire, agus lua i ndán Thorna ar an gcailleach atá mar bhunús ag an apalóg atá in úsáid ag Fionnlagh Ruadh. Go deimhin, tá *Tosach féile fairsinge* (LDLM 246-49) taobh le dánta de chuid na beirte, Fionnlagh Ruadh (?*Nuair a leanas mairg sporadh*,<sup>65</sup> LDLM 249) agus Giolla Críost Brúilingeach (*Dá urradh i n-íath Éireann*, LDLM 244), sa lámhscríbhinn. Cé nach bhfuil *Fhuarus mo rogha theach mhór* (LDLM 304) ina measc, tá leargas anseo againn ar bhaint éigin a bheith ag na húdair seo le chéile maidir lena seachadadh sa lámhscríbhinn seo ar a laghad ar bith. Mar sin, d'fhéadfadh sé a bheith go raibh dánta eile atá ar marthain in LDLM léite nó cloiste ag Fionnlagh Ruadh sular chum sé *Fhuarus mo rogha theach mhór*.

Tá deacrachtaí leis an argóint seo. Cé go bhfuil an apalóg faoin gcailleach ar fáil cheana in *Tosach féile fairsinge*, baineann an scéal ansin le Cormac, duine de shinsir Thomaltaigh. Ní léir sin ar chor ar bith ó dhán Fhionnlaigh áit nach luaitear ach Aodh féin.<sup>66</sup> Chomh maith leis sin, cé go bhfuil léargas ar theach a bhfuil cáil na féile air i ndánta Ghiolla Chríost, tá baint ag an teach sin le Tomaltach (seachas Aodh). Cén fáth nach mbeadh trácht ar Chormac nó ar Thomaltach, mar sin, i ndán Fhionnlaigh Ruaidh? Cé go raibh Watson agus daoine eile den tuairim go raibh aithne phearsanta ag an bhfile ar an taoiseach ní miste féidearthacht eile a lua. Tá dán eile sa lámhscríbhinn a bhaineann le hábhar (mar a chonaic muid), dán cáiliúil ar theach Aodha Uí Chonchobhair, *Tomhas mhúir Chruachna i gCluain Fraoich*.<sup>67</sup> Arís, d'fhéadfadh sé a bheith go raibh an dán seo ar eolas ag Fionnlagh Ruadh, is go raibh sé léite nó cloiste aige. Ach an bhfuil seans ar bith gur tháinig mearbhall air is é ag gabháil dá dhán féin, go ndearnadh **Aodh** Ó Conchobhair a mheascadh le **Tomaltach** Mac Diarmada is gur **Aodh** Mac Diarmada an toradh a bhí ar an tuaipis sin? Dá dtarlódh sé go raibh fáil ar na dánta sin sa traidisiún béil (agus tá fhios againn go raibh i gcás dán amháin de chuid Ghiolla Chríost níos déanaí),<sup>68</sup> an bhféadfadh sé a bheith gur béalaithris is cúis leis an míchruinneas (más fíor)? Tá sé tugtha faoi deara ag Watson (1937: 284; cf. Ó Caithnia 1984: 167) go bhfuil apalóg eile ag Fionnlagh a bhfuil cuma an mhíchruinnis air; sa dán *Gabh rém Chomraigh, a Mheic Ghriogóir* (SVBDL §XV), tá trácht ar Chonall Clogach, fear a raibh baint aige le Colum Cille agus Comhdháil Dhroim Ceat, ach is le Conchobhar, rí na Craobhruidhe, a cheanglaítear an apalóg anseo.

<sup>65</sup> Seo m'íarracht féin ar chiall a bhaint as dóigh litrithe na lámhscríbhinne: *Noar a lenis morraik sporry*<sup>t</sup> (Black 2010: §249.18).

<sup>66</sup> Luann Ó Caithnia (1984: 117), agus é ag trácht ar an apalóg, 'gurbh é Mac Diarmada (gan ainm baiste a lua leis) a dhein gníomh an oinigh', agus tá Hoyne den tuairim nach gá gurbh é Aodh atá i gceist: 'Fionnlagh may mean no more than that the event took place on the Rock, which he identifies as the house of the contemporary occupier; the Mac Diarmada of his story may be an earlier chief' (Hoyne 2018: 375). Sin ráite, tá ainm Aodha luaite sa dá rann (rr.7, 14) a thagann go díreach roimh agus in éis na hapalóige (rr.8-13).

<sup>67</sup> Tá plé ar an dán seo agus ar dhán eile ar theach Uí Chonchobhair (*An tú arís, a Ráith Teamhrach*) in Simms (2001: 251-52).

<sup>68</sup> Féach an plé ar *Lámh aoinfhir fhóirfeas i nÉirinn* thuas agus an leagan de (*A láimh oinidh óir is oighre*) a bailíodh in Earra Ghaidheal san ochtú haois déag. Féach, chomh maith, an leagan de mharbhna Fhearchoir Í Mhaoil Chiaráin (*Tugadh oirne easbhuidh mhór*) a fuarthas sa mbailiúchán céanna (Ó Macháin 2006; Clancy 2006).

Ach b'fhéidir gur éagóir ar Fhionnlagh Ruadh é an smaoineamh sin is gur cumadóireacht choinsiasach a bhí ar bun aige. Maidir le scéal na caillí aige, ta úire ag baint lena leagan féin den apalóg sa méid is go n-iompaíonn an chailleach ina bean óg álainn ar deireadh, leagan nach bhfuil ag an bhfile a chleacht an apalóg roimhe (cf. Ó Caithnia 1984: 117). Go deimhin, tá an chaoi a bpléitear le hapalóga i Leabhar an Déin an-suimiúil; tá 'uirsgéala' ann atá neamhspleách ar na dánta bunaidh agus baintear casadh as cupla ceann eile sa lámhscríbhinn.<sup>69</sup> Is fíor, chomh maith, gurb iontach an chomhtharlúint é más mearbhall is cúis leis an ainm Aodh a bheith ar Mhac Diarmada i ndán Fhionnlaigh Ruaidh. Tá sé níos éasca a mhaíomh gur Aodh deartháir Thomaltaigh atá i gceist nuair is léir go bhfuil dánta eile sa lámhscríbhinn a bhaineann le Tomaltach agus go raibh Fionnlagh Ruadh comhaimseartha le hAodh Mac Diarmada; bhí Aodh Mac Diarmada ina thaoiseach idir 1458 agus 1465 (mar a luadh cheana) agus tá gach seans ann go raibh Fionnlagh Ruadh mar fhile ag Eoin Mac Griogóir ón uair a oirníodh eisean in 1461. Mar sin, má thug Fionnlagh Ruadh cuairt ar Mhac Diarmada in Éirinn mar a rinne Giolla Críost Brúilingeach roimhe, is cosúil go bhfuil an chuairt sin le dátú idir 1461 agus 1465.<sup>70</sup>

## 6. CONCLÚID

Tá sé de cháil ar LDLM gur minic a thugann sé léargas luachmhar ar fhilíocht Ghaeilge na meánaoise déanaí idir ábhar agus lucht scríofa. Maidir leis an gcaidreamh le hÉirinn, tá neart ábhair ann a fuarthas as Éirinn, agus dánta ina measc de chuid na n-údar ba ghradamúla abhus lena linn. Ach tá roinnt bheag dánta ann, chomh maith, a léiríonn an caidreamh ón taobh thall agus a chaitheann solas ar nasc láidir le hÍochtar Chonnacht go mór mór. Tá sé soiléir ón dá dhán atá ainmnithe do Ghiolla Críost Brúilingeach gur chaith sé tréimhse i gcúirt Thomaltaigh Mhic Dhiarmada ar an gCarraig i Loch Cé (am éigin idir c.1446 agus 1458) agus fianaise ann a thabharfadh le fios gur rug sé dán Éireannach abhaile leis a bhain leis an taoiseach sin. Go deimhin, tá ábhar eile i Leabhar an Déin a bhaineann leis an gceantar céanna agus an fhéidearthacht ann go bhfuil baint ag cuairt Ghiolla Chríost ar Éirinn le seachadadh an ábhair seo ar fad ar ais go hAlbain. Cibé ar bith, cé nach bhfuil aon amhras ann ná gur caitheadh go maith le Giolla Críost is é ar cuairt ar Mhac Diarmada, is cosúil nach bhfuil aon bhunús leis an gclúmhillleadh a dhéantar ar Thomás Mag Uidhir. Ní dócha gur dhiúltaigh Mág Uidhir do Ghiolla Críost riamh ná gur cuireadh an file ó dhoras i bhFear Manach; is cosúla go mór gur íoc Tomaltach Mac Diarmada an file Albanach as dán leathaoire a chumadh a rinne é fein a mhórath agus a shean-námhaid, Mag Uidhir, a aoradh agus go raibh cúinsí áitiúla polaitíochta taobh thiar de sin.

Tá ceangal idir dánta Ghiolla Chríost agus dán eile i Leabhar an Déin a chum Fionnlagh Ruadh, file Mhic Griogóir. Sa dán seo, *Fhuaras mo rogha theach mhór*, déantar comparáid de chineál éigin eile, comparáid idir teach Eoin Mhic Griogóir agus teach Aodha Mhic Dhiarmada a raibh cáil na féile air in Éirinn. Glactar leis gur deartháir Thomaltaigh é Aodh agus gur fianaise é an dán seo ag Fionnlagh Ruadh gur chaith seisean, an file, tamall 'ag cor cuarta' in Éirinn mar a rinne Giolla Críost. Ach, murab ionann is scéal Ghiolla Chríost, níl aon chinnteacht ann sa gcás seo; d'fhéadfadh sé a bheith gur chuir Fionnlagh Ruadh eolas ar theach Mhic Dhiarmada (agus ar apalóg na

<sup>69</sup> Cf. Gillies (2013: 188); Meek (1982: 637).

<sup>70</sup> Cé go maítear (McLeod 2004: 95) go bhfuil tagairt d'Aodh Mac Diarmada i ndán de chuid Néill Mhic Mhuireadhaigh, *Maith an sgéal do sgaoil 'nar measg*, a cumadh do thaoiseach Chlann Raghnaill na hAlban timpeall na bliana 1696, feictear domhsa gur taoiseach darb ainm Aodh Mag Uidhir atá i gceist (féach an téacs ag McManus & Ó Raghallaigh (2010: §314, 432-33, ll.4c agus 8a)).

caillí sa dán aige) ó dhánta eile atá ar marthain in LDLM, dánta a bhaineann le Giolla Críost agus le Tomaltach Mac Diarmada. Ós a choinne sin, is gá a admháil gur suntasach an rud é gur ainm Aodha seachas ainm Thomaltaigh a cheanglaítear leis an apalóg i ndán Fhionnlaigh. Thabharfadh sé seo le fios go raibh eolas in Albain ar an taoiseach a tháinig i gcomharbacht ar Thomaltach is go mb'fhéidir gur thug Fionnlagh Ruadh cuairt air, am éigin idir 1461 agus 1465. Más fíor sin, bhí nasc idir Clann Diarmada agus lucht léinn in Albain a cothaíodh níos mó ná uair amháin i rith an 15ú haois. Mar fhocal scoir, tá comhthéacs ag na dánta Albanacha seo a léiríonn nasc le Clann Diarmada Mhagh Loirg ar fiú aird a thabhairt air: an tábhacht a bhaineann le ceangail mhíleata agus pholaitíochta agus seachadadh na litríochta á mheas againn. Is é an comhthéacs is éasca againn le cuairt Ghiolla Críost ar Éirinn a thuigbheáil ná ceangal na mara agus an tóir a bhí ag taoisigh Éireannacha ar ghallóglaiigh as Albain; réiteodh na saighdiúirí tuarastail seo an bealach don fhile tuarastail, agus d'fhéadfadh siad taisteal le chéile agus earraí a iompar abhaile leo (téacsanna litríochta ina measc). Tá Fionnlagh Ruadh, a bhain le ceantar intíre, is cosúil,<sup>71</sup> ar theorainn Pheairt agus Earra Ghaideal, níos deacra a cheangal go díreach le Clann Diarmada ach ní miste a lua go bhféadfadh saighdiúirí (agus filí eile) cáil taoisigh a iompar abhaile leo, chomh maith; mura bhfuil cinnteacht ann gur thug Fionnlagh Ruadh cuairt ar theach Aodha Mhic Dhiarmada, mar sin, d'fhéadfadh sé a bheith gur chuala sé scéala air.

---

<sup>71</sup> Féach, chomh maith, MacGregor (2006a: 213).

## TAGAIRTÍ

### FOINSÍ IDIRLÍN

<<http://galloglass.ucc.ie>>  
<<http://www.logainm.ie>>  
<<https://www.isos.dias.ie/>>  
<<https://bardic.celt.dias.ie/>>

### FOINSÍ GIORRAITHE

- AC *Annála Connacht. The Annals of Connacht (A.D. 1224-1544)*, in eagar ag A. Martin Freeman (BÁC: Institiúid an Ardléinn).
- AFM *Annála Ríoghachta Éireann. The Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters*, in eagar ag John O'Donovan, 7 iml. (BÁC: Hodges & Smith, 1856; athchló BÁC: de Búrca, 1994).
- ALC *Annála Locha Cé*, in eagar ag W.M. Hennessy, 2 iml. (Londain: Her Majesty's Stationery Office, 1871).
- AU *Annála Uladh*, in eagar ag W.M. Hennessy & Bartholomew Mac Carthy, 4 iml. (BÁC: Her Majesty's Stationery Office, 1887-1901).
- IBP *Irish Bardic Poetry. Texts and Translations, together with an Introductory Lecture by Osborn Bergin...* Compiled and Edited by David Greene and Fergus Kelly (BÁC: DIAS, 1970).
- IGT Decl. *Irish Grammatical Tracts*, volume ii, in eagar ag Osborn Bergin, supplement to *Ériu* 9 (1921-23).
- SnaG *Stair na Gaeilge. In Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*, in eagar ag Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach (Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, 1994).
- SVBDL *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore*. Féach Watson 1937.

### TAGAIRTÍ DE RÉIR ÚDAIR

- BANNERMAN, JOHN (1977). 'The Lordship of the Isles', in Jennifer M. Brown (eag.), *Scottish Society in the Fifteenth Century* (Londain: Edward Arnold), 209-40.
- (1991). 'The Clársach and the Clársair', *Scottish Studies* 30, 1-17.
- BLACK, RONALD (2010). 'Catalogue of Gaelic Manuscripts in the National Library of Scotland. Adv. LS 72.1.37 (Gaelic MS XXXVII). The Book of the Dean of Lismore.' <https://www.isos.dias.ie/irish/index.html>
- BOARDMAN, STEPHEN (2000). 'The Tale of Leper John and the Campbell Acquisition of Lorn' in E.J. Cowan and R. Andrew McDonald (eag.), *Alba. Celtic Scotland in the Medieval Era* (East Linton: Tuckwell Press), 219-47.
- (2006). *The Campbells 1250-1513* (Dún Éideann: John Donald).
- CALDER, GEORGE (1923). *A Gaelic Grammar* (Glaschú: Gairm Publications; athchló).
- CAMERON, ALEXANDER (1892-94). *Reliquiae Celticae: Texts, Papers and Studies in Gaelic Literature and Philology Left by the Late Rev. Alexander Cameron, LL.D.*, in eagar ag Alexander MacBain and Revd. John Kennedy, 2 imleabhar (Inbhir Nis: Northern Counties).
- CLANCY, THOMAS (2006). 'Mourning Fearchar Ó Maoilchiaráin: Texts, Transmission and Transformation' in Wilson McLeod, James E. Fraser and Anja Gunderloch

- (eagí), *Cànan agus Cultar/Language and Culture: Rannsachadh na Gàidhlig 3* (Dún Éideann: Dunedin Press), 57-71.
- COIRA, M. PÍA (2012). *By Poetic Authority: The Rhetoric of Panegyric in Gaelic Poetry of Scotland to c.1700* (Dún Éideann: Dunedin Press).
- CUNNINGHAM, BERNADETTE AND RAYMOND GILLESPIE (2003). *Stories from Gaelic Ireland. Microhistories from the Sixteenth-Century Irish Annals* (BÁC: Four Courts).
- DOOLEY, ANNE (1986). ‘*Námha agus Cara dar gCeird: a Dán Leathaoire*’, *Celtica* 18, 125-49.
- FRASER JOHN (1942). ‘Review of William J. Watson, *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (1937)’, *Scottish Gaelic Studies* 5.2, 192-93.
- GILLIES, WILLIAM (1977). ‘Courtly and Satiric Poems in the Book of the Dean of Lismore’, *Scottish Studies* 21, 35-53.
- (1988). ‘Gaelic: the Classical Tradition’, in R.D.S. Jack (eag.), *The History of Scottish Literature. Volume I. Origins to 1660 (Mediaeval and Renaissance)*, (Obar Dheathain: Aberdeen University Press), 245-62.
- (2005). ‘Gaelic Literature in the Later Middle Ages: The *Book of the Dean* and beyond’ in Thomas Owen Clancy and Murray Pittock (eagí), *The Edinburgh History of Scottish Literature. Volume One: From Columba to the Union (until 1707)* (Dún Éideann: Edinburgh University Press 2006), 219-25.
- (2008). ‘Créad fá seachnainn-sa suirghe?’, *Scottish Gaelic Studies* 24, 215-43.
- (2013). ‘The Book of the Dean of Lismore: The Literary Perspective’, in Janet Hadley Williams and J. Derrick McClure (eagí), *Fresche Fontanis: Studies in the Culture of Medieval and Early Modern Scotland* (Newcastle: Cambridge Scholars), 179-216.
- (2014). ‘Cacmhor an Comann na Goill’ in Virginia Blankenhorn (eag.), *Craobh nan Ubhal: A Festschrift for John MacInnes. Scottish Studies* 37, 86-93.
- HAYES-MCCOY GERARD A. (1937). *Scots Mercenary Forces in Ireland (1565-1603)* (BÁC; athchló Edmund Burke 1996).
- HOYNE, MÍCHEÁL (2018). *Fuidheall Áir: Bardic Poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 – c. 1637* (BÁC: DIAS).
- (le teacht). *Camdhán: The Poems of Seifín Mór and the Art of Brúilingeacht*.
- JACKSON, KENNETH HURLSTONE (1971). *A Celtic Miscellany. Translations from the Celtic Literatures* (Londain: Penguin Books; 1ú eagrán 1951).
- KINGSTON, SIMON (2004). *Ulster and the Isles in the Fifteenth Century. The Lordship of the Clann Domhnaill of Antrim* (BÁC: Four Courts).
- KNOTT, ELEANOR (1922-26). *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550-1591)*, 2 imleabhar (Londain: Irish Texts Society).
- MACDONALD, A agus A. MACDONALD (1896-1904), *The Clan Donald*, 3 imleabhar (Inbhir Nis: Northern Counties).
- MACCOINNICH, AONGHAS (2008). ‘Where and How was Gaelic Written in Late Medieval and Early Modern Scotland? Orthographic Practices and Cultural Identities’, in Colm Ó Baoill & Nancy R. McGuire (eagí), *Caindel Alban. Fèill-sgrìobhainn do Dhòmhnall E. Meek*, *Scottish Gaelic Studies* 24, 309-56.
- MACGREGOR, MARTIN (1989). ‘A Political History of the MacGregors before 1571’, PhD thesis, University of Edinburgh.
- (1999). ‘“Surely One of the Greatest Poems Ever Made in Britain”: The Lament for Griogair Ruadh MacGregor of Glen Strae and its Historical Background’, in Edward J. Cowan & Douglas Gifford (eagí), *The Polar Twins* (Dún Éideann: John Donald).

- (2000). “Genealogies of the Clans: Contributions to the Study of MS 1467”, *Innes Review* 51.2, 131-46.
- (2006a). ‘The View from Fortingall: The Worlds of the *Book of the Dean of Lismore*’, *Scottish Gaelic Studies* 22, 35-86
- (2006b). ‘Creation and Compilation: *The Book of the Dean of Lismore* and Literary Culture in Late Medieval Gaelic Scotland’, in Thomas Owen Clancy and Murray Pittock (eag.), *The Edinburgh History of Scottish Literature, Volume 1: From Columba to the Union (until 1707)*, (Dún Éideann: Edinburgh University Press), 209-218.
- (2012). ‘The Campbells: Lordship, Literature and Liminality’, *Textual Cultures: Texts, Contexts, Interpretation*, 7.1, 121-57.
- (le teacht). ‘*Ta Mulad air m’Intinn: A Third Song by Marion Campbell of Glenlyon?*’, *Aiste. Studies in Gaelic Literature*.
- MACLYSAGHT, EDWARD (1985). *The Surnames of Ireland* (BÁC: Irish Academic Press; 4ú heagrán).
- MARSDEN, JOHN (2003). *Galloglas. Hebridean and West Highland Mercenary Warrior Kindreds in Medieval Ireland* (East Linton: Tuckwell Press).
- MCKENNA, LAMBERT [=Láimhbheartach Mac Cionnaith] (1938). *Dioghlúim Dána* (BÁC: Oifig an tSoláthair).
- MCLEOD, WILSON (2004). *Divided Gaels: Gaelic Cultural Identities in Scotland and Ireland, c.1200–c.1650* (Oxford & Nua Eabhrac: Oxford University Press).
- MCLEOD, WILSON agus BATEMAN, MEG (2007). *Duanaire na Sracaire. Songbook of the Pillagers. Anthology of Scotland’s Gaelic Verse to 1600* (Dún Éideann: Birlinn).
- MCMANUS, DAMIAN agus Ó RAGHALLAIGH, EOGHAN eds (2010). *A Bardic Miscellany. Five Hundred Bardic Poems from Manuscripts in Irish and British Libraries* (BÁC: Trinity College).
- (1997). ‘The Irish Grammatical and Syntactical Tracts: A Concordance of Duplicated and Identified Citations’, *Ériu* 48, 83-101.
- MEEK, DÓMHNALL EACHANN (DONALD) (1982). ‘*The Corpus of Heroic Verse in the Book of the Dean of Lismore*’, Ph.D thesis, University of Glasgow.
- (1989). ‘Gàidhlig is Gaylick anns na Meadhon Aoisean’, in William Gillies, *Gaelic and Scotland. Alba agus a’ Ghàidhlig* (Dún Éideann: Edinburgh University Press), 131-45.
- (1996). ‘The Scots-Gaelic Scribes of Late Medieval Perthshire: An Overview of the Orthography and Contents of the Book of the Dean of Lismore’, in Janet Hadley Williams (eag.), *Stewart Style 1513-1542. Essays on the Court of James V* (East Linton: Tuckwell Press), 254-72.
- (1998), ‘Place-names and Literature: Evidence from the Gaelic Ballads’, in Simon Taylor (eag.), *The Uses of Place-names* (Dún Éideann: Scottish Cultural Press), 147-68.
- NICHOLLS, KENNETH (2003). *Gaelic and Gaelicized Ireland in the Middle Ages* (BÁC: Lilliput Press; 1ú eagrán 1971).
- (2007). ‘Scottish Mercenary Kindreds in Ireland, 1250-1600’ in Seán Duffy (eag.), *The World of the Galloglass. Kings, Warlords and Warriors in Ireland and Scotland, 1200-1600* (BÁC: Four Courts).
- Ó CAITHNIA, LIAM P. (1984). *Apalóga na bhFíli 1200-1650* (BÁC: An Clóchomhar).
- Ó CUÍV, BRIAN (1973). *The Linguistic Training of the Medieval Irish Poet* (BÁC: DIAS).

- Ó MACHÁIN, PÁDRAIG (1998). *Téacs agus Údar i bhFilíocht na Scol* (BÁC: Insitiúid an Ardléinn).
- (2006): ‘Scribal Practice and Textual Survival: The Example of Uilliam Mac Mhurchaidh’, *Scottish Gaelic Studies* 22, 95-122.
- Ó MAINNÍN, MÍCHEÁL B. (2002), ‘Gnéithe de Chúlra Leabhar Dhéan Leasa Mhóir’, in Máirtín Ó Briain agus Pádraig Ó Héalaí (eagí), *Téada Dúchais. Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Madagáin* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta), 395-422.
- QUIGGIN, E.C. (1937). *Poems from the Book of the Dean of Lismore with a Catalogue...* (Cambridge: Cambridge University Press).
- SELLAR, W. DAVID H. (1986). ‘MacDonald and MacRuairi Pedigrees in MS 1467’, *Notes and Queries of the Society of West Highland and Island Historical Research*, sr. 1, 28 (March 1986), 7-8.
- SIMMS, KATHARINE (1980). “‘Gabh Umad a Fheidhlimidh’ — a Fifteenth Century Inauguration Ode?’, *Ériu* 31, 132-45.
- (1987). *From Kings to Warlords. The Changing Political Structure of Gaelic Ireland in the Later Middle Ages* (Woodbridge: The Boydell Press).
- (2001). ‘Native Sources for Gaelic Settlement: The House Poems’, in Patrick J. Duffy, David Edwards and Elizabeth FitzPatrick (eagí), *Gaelic Ireland c. 1250-c.1650. Land, Lordship and Settlement* (BÁC: Four Courts), 246-67.
- THOMSON, DERICK S. (1960-63). ‘The MacMhuirich Bardic Family’, *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* 43, 276-304.
- (1968). ‘Gaelic Learned Orders and Literati in Medieval Scotland’, *Scottish Studies* 12, 57-78.
- (1983). *The Companion to Gaelic Scotland* (Oxford: Basil Blackwell).
- (1990). *An Introduction to Gaelic Poetry* (Dún Éideann: Edinburgh University Press).
- TWEMLOW, J.A. (1912). *Calendar of Papal Registers Relating to Great Britain and Ireland: Volume 9, 1431-1447* (Londain: HMSO).
- WATSON, WILLIAM J. (1937). *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Dún Éideann: Scottish Gaelic Texts Society).
- (1959). *Bàrdachd Ghàidhlig* (Inverness; 3ú heagrán; 1ú eagrán 1918).
- WOULFE, PATRICK (1923). *Sloinne Gaedheal is Gall. Irish Names and Surnames* (BÁC: M.H. Mac an Ghoill & a Mhac).